- Go gcuirfead Rún 8 ó Ardfheis2022 i bhfeidhm laistigh de sé mhí ón dáta seo. Faoin téama 'An Páirtí a Fhorbairt', mhol an rún go mbunófaí Oifigeach Náisiúnta um Aistriúchán Gaeilge mar ról lánaimseartha.

Cé gur ritheadh an rún, níor cruthaíodh an ról sin ó shin. Tá ról an Oifigigh Náisiúnta Gaeilge fós le líonadh chomh maith. Dá bhrí sin, athdhearbhaítear gur gá an dá phost seo a líonaúdhlaistigh den tréimhse thuasluaite ar mhaithe le húsáid naGaeilge a chur chun cinn go gníomhach laistigh den pháirtí agus sa tsochaí i gcoitinne.

**Cúige Bhaile Átha Cliath,  
Cumann Casement/Markievicz (Stigh Lorgan)**

### 3. Éilítear ag an Ard-Fheis seo;

- Léirmheas cuimsitheach – ag leibhéal na hArd-Chomhairle – ar thiomantas leanúnach Shinn Féin don Ghaeilge i struchtúir an pháirtí. Léiríonn polasaithe inmheánacha ar nós Ghaelú Shinn Féin 2016 ár n-uaimhian maidir le húsáid inmheánach agus cur chun cinn na teanga, ach tá gá le tuilleadh dul chun cinn lena chur i bhfeidhm go hiomlán.

Mar sin molann agus tacaíonn an Ard-Fheis seo;

- Leis an obair atá déanta ag an bpáirtí agus ag coistí éagsúla go dtí seo maidir leis an nGaeilge, ach ina theannta sin:
- Iarrann sí athbhreithniú cuimsitheach – roimh dheireadh 2024 – ar chásanna inar éirigh le agus nár éirigh le struchtúir an pháirtí dul i ngleic le ceist na Gaeilge (mar atá faoi cheangal ag polasaí); agus
- Athdhearbhaíonn sí an gá atá le tiomantas láidir d'úsáid na teanga laistigh den pháirtí go ginearálta.

**Cumann Joe Murphy (Bardaí Theas Thiar)**

### 4. Ag an Ard-Fheis seo;

- Aithnítear an méid tábhachtach a chuireann ár mbaill atá faoi mhíchumas agus riachtanais speisialta le Sinn Féin.

- Athdhearbhaítear tiomantas Shinn Féin do chearta daoine faoi mhíchumas a chosaint agus a chur chun cinn.
- Tugtar dá haire gurb é cuspóir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD) ná “tairbhe iomlán agus comhionann cearta daonna agus saoirsí bunúsacha uile gach duine faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a chinntiú, agus meas ar a ndínit féin a chur chun cinn.”
- Éilítear go dtabharfar tús áite do rochtain mhíchumais nuair a bhíonn áitribh nua á roghnú d’oifigí páirtí agus dáilcheantair.
- Iarrtas ar an bpáirtí agus ar a ionadaithe iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh oifigí páirtí agus toghlaigh atá ann cheana, nuair is féidir, inrochtana go hiomlán do dhaoine faoi mhíchumas.
- Iarrtas ar struchtúir na bpáirtithe ar a bharr sin tosaíocht a thabhairt d’ionaid oiriúnacha a aimsiú le haghaidh cruinnithe páirtí chun leibhéal comhsheasmhach agus iomlán rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chinntiú, lena n-áirítear páirceáil.
- Ina theannta sin, iarrtar ar an Ard-Chomhairle nua meitheal a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar chomhionannas agus rochtain laistigh den pháirtí maidir le míchumas agus riachtanas speisialta, chun feabhsuithe a mholadh nuair is gá de réir chuspóirí an UNCPRD.

**Cumann Peadar Clancy/Mairéad Farrell (Inis)**

**Cumann Boylan/Ennis (Cill na Leice)**

**Cumann Hanna Sheehy Skeffington, (Ceann Toirc)**

**Robert Emmet/Joe Clarke Cumann (Inse Chór/SWIC)**

**5. Tacaíonn an Ard-Fheis seo;**

- Rialtas den eite chlé den chéad uair riamh, faoi cheannas Shinn Féin le tacaíocht ó ghluaiseacht na gCeardchumann, agus eagraíochtaí eile forásacha, pobaltreoraithe agus sochaí sibhialta ar fud an oileáin.

Chomh maith leis seo, aithnímid;

- Caithfear meas a léiriú ar na toghthóirí agus má bhíonn vóta soiléir ar son an athraithe, cuirfimid an t-athrú sin i bhfeidhm.
- Cinnteoidimid go gcuirfear ár mbeartais i bhfeidhm go hiomlán agus go comhsheasmhach trína chinntiú go bhfuil an chumhacht againn é sin a dhéanamh.

**Cumann an Óglaigh Diarmuid O’Neill (Baile Chaisleáin Chinn Eich)**

**6. Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo;**

- Tábhacht stairiúil agus pholaitiúil Chomóradh bliantúil Wolfe Tone ag Baile Bhuaáin, Contae Chill Dara agus go gcuireann sé in iúl gur ábhar imní é an meath atá tagtha ar an imeacht seo le blianta beaga anuas.

Ar a bharr sin, iarrann an Ard-Fheis seo ar;

- An Ard-Chomhairle nua agus ar Shinn Féin mar eagraíocht ar fud na hÉireann gach iarracht a chinntiú go gcuirfear chomóradh Bhaile Bhuaáin ar ais ina áit cheart mar mhóriméacht san fheilire Phoblachtánach.

**Cumann Patrick Sheehy (Cathair Luimhnigh Thiar)**

**7. Ag an Ard-Fheis seo;**

- Tugtar dá haire an luach saibhir a thugann daoine ó chúlraí iolracha, náisiúntachtaí agus eitneachtaí do Shinn Féin.
- Moltar go ndéanfaidh an Ard-Chomhairle maoirseacht ar chruthú grúpa idirchultúrtha mar chuid de Shinn Féin chun luachanna idirchultúrtha, dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn ar an mbealach is fearr agus chun ionadaíocht a chinntiú sa Pháirtí ag gach leibhéal is féidir.

**Cumann McGrath/O’Brien (Port Láirge Thoir)**

**8. Ag an Ard-Fheis seo;**

- Aithnítear go bhfuil ballraíocht óige bhríomhar agus ghníomhach ríthábhachtach do Shinn Féin amach anseo.
- Admhaítear go bhfuil dícheangal idir Ógra Shinn Féin agus struchtúir na bpáirtithe áitiúla.
- Tugtar sainordú do Chomhairlí Ceantair agus Boird Oifigeach Stiúirthóireachta Oifigeach Óige/Óige a cheapadh chun Ógra a eagrú ina gceantair faoi seach.
- Feidhmeoidh an tOifigeach seo mar cheannaireacht áitiúil Ógra agus beidh freagrach as ballraíocht ógánach áitiúil a fhorbairt, ag comhordú le hÓgra go réigiúnach agus go náisiúnta, agus ag cinntiú go mbeidh lánpháirtíocht aige le struchtúir páirtí sinsearach ábhartha.
- Caithfidh an tOifigeach seo a bheith ag an aois cheart Ógra mar atá aontaithe ag an Ard-Chomhairle.

**Cumann Robert Emmet (Camaigh/ Ráth Maonais)**

9. Tugtar an Ard-Fheis seo dá haire;
- Mar gheall ar chóras Shinn Féin ina dtugtar cead do bhaill polasaí páirtí a shocrú trí chur isteach agus vótáil ar rún ag na hArd Fheiseanna, gur páirtí daonlathach atá faoi cheannas an phobail é Sinn Féin.
  - Chun a chinntiú go n-oibreoidh an córas seo go barrmhaith iarrrtar leis an rún seo go bhfoilseofar tuarascáil inmheánach bhliantúil ar dhul chun cinn ar fheidhmiú na rún a ritheadh roimhe seo ag na hArd Fheiseanna, agus go mbunódh an Ard Chomhairle prótacail bheachta don tuarascáil seo agus bearta ceartaitheacha lena chinntiú go ndéanann an páirtí gach dícheall chun gach Rún Ard-Fheis ar éirigh leis a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Cumann Robert Emmet/Joe Clarke (Inse Chór/SWIC)

10. Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo;
- An gá go mbeadh cumarsáid rialta ag an eagraíocht páirtí lena mballraíocht ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon.
  - Go ndéanfar deiseanna bliantúla a chur ar fáil le haghaidh ceisteanna a chur ar ár n-urlabhraithe páirtithe éagsúla agus freagraí a fháil ar ais uathu, trí úsáid a bhaint as cruinnithe fíorúla nó duine le duine.

Leagtha síos mar thosaíochtaí:

- Cumarsáid a dhéanamh go seachtainiúil/míosúil leis an mballraíocht maidir leo seo a leanas;
- Beartais an pháirtí a chruthú go rialta.
- Billí Comhalta Príobháidigh.
- Grinnscrúdú ag comhaltaí Oireachtais Shinn Féin ar Choistí Oireachtais ar Bhillí Rialtais

D'fhéadfadh teachtaireachtaí ríomhphoist seachtainiúla chuig baill a chur tríd an "The Weekly Digest" nó formáid chomhchosúil.

Cumann Doyle/French/Reilly (An Uaimh Theas)

## Ag Dul i nGleic le Coireacht agus Comhionannas a Sholáthar

11. Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo;
- gur saincheist í an andúil atá ag cur isteach ar gach cearn den oileán seo;
  - go bhfuil coiriúlacht agus dúshaothrú a bhaineann le drugaí – cibé acu trí dhíol agus soláthar drugaí aindleathacha nó trí thrádáil agus mhí-úsáid drugaí ar oideas – ag dul i bhfeidhm ar phobail ar bhealach tubáisteach;
  - Chun dul i ngleic leis an andúil, ní mór dúinn dul i ngleic leis an dochar a d'fhulaing ár bpobail mar thoradh ar dhíothacht, tráma agus imeallú;
  - Tá gá le cur chuige uile-oileáin chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar shaincheisteanna na handúile agus an téarnaimh, chomh maith le beartas drugaí a fheidhmiú go fónta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag aithint an tionchar trasteorann atá ag andúil, úsáid agus soláthar drugaí;

Cuireann sí, mar Ard-Fheist, fáilte roimh bhunú Thionól na Saoránach ar Úsáid Drugaí, ag féachaint:

- Gur éileamh comhsheasmhach agus seanbhunaithe an pháirtí é a bhunú;
- Gur fóram cuí é chun saincheist chasta mar seo a chíoradh go domhain, le hionchur riachtanach ó shaineolaithe agus ón bpobal, agus chun moltaí cuimsitheacha a sholáthar;

Dearbhaítear an tuairim gur chóir go mbeadh forbairt an bheartais drugaí ag an bpáirtí, lena n-áirítear a rannpháirtíocht le torthaí ón Tionól Saoránach, á treorú ag na cuspóirí seo a leanas:

- Cur chuige maidir le handúil i ndrugaí a chur chun cinn atá trócaireach, dírithe ar shláinte agus bunaithe ar chearta an duine;
- Dul i ngleic le neamhionannais socheacnamaíocha a chuireann daoine aonair agus pobail i mbaol andúile, trí fheabhas a chur ar sholáthar tithíochta poiblí agus sláinte poiblí, torthaí oideachais, deiseanna fostaíochta ardchaighdeán agus forbairt pobail.
- Sábháilteacht pobail a fheabhsú trí phobail níos sábháilte, níos láidre a fhorbairt agus a chinntiú gur féidir leis an gcóras ceartais choiriúil dul i ngleic go héifeachtach le coireacht eagraithe agus le soláthar drugaí aindleathacha;
- Tacú le hathshlánú agus téarnamh ón andúil.

Geallann sí grúpa oibre a bhunú chun torthaí Thionól na Saoránach a mheas agus beartas a athdhréachtú i bhfianaise na dtorthaí sin más gá.

12. Aithníonn an Ard-Fheis seo;
- Gur fadhb sláinte is ea andúil i ndrugaí agus nach bhféachfadh rialtas Shinn Féin ar bith amach anseo le pionós a ghearradh ar mhionshealbhú drugaí ag daoine cosúil le múnla na Portaingéile agus aithníonn sé cur chuige laghdaithe díobhála maidir le cosc, athshlánú agus téarnamh.

Éilíonn sí;

- Cannabas agus a dhíorthaigh a athsceidealú ó dhruaga Sceideal I (neamhdhleathach agus a mheastar nach bhfuil aon luach íocshláinte nó eolaíoch aige) go druga sceideal IV (táirge íocshláinte rialaithe) agus chun seilbh cainníochtaí beaga pearsanta a dhíchóiriúnú agus cógais oideas-bhunaithe a cheadú trí chógaslanna.
- Ina theannta sin, iarraimid freisin go ndéanfaí scrúdú ar an bhféidearthacht margadh rialaithe a chruthú, mar a rinneadh i dtíortha eile.

**Cumann Dunne Kelly Whitty, Loch Garman**

13. Ag an Ard-Fheis seo;
- Tugtar dá haire go dtugann an t-athbhreithniú ar na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 agus ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 (na hAchtanna um Chomhionannas) a thionscain rialtas reatha Fhine Gael/Fianna Fáil/Comhaontas Glas deis chun nuashonrú a dhéanamh ar an dóigh a n-aithnítear agus a ndéantar cothromú ar chearta bunúsacha daonna;
  - Tugtar dá haire freisin an fhoráil atá i gComhaontú Aoine an Chéasta do Bhille Ceart don Tuaisceart agus Cairt um Chearta d'oileán na hÉireann
  - Creideann an Ard-Fheis seo go bhfuil sé ríthábhachtach go gcosnóidh an creat comhionannais agus an creat níos leithne dlí agus beartais gach grúpa faoi mhíbhuntáiste agus leochaileach lena n-áirítear mná, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, LADTA+, daoine den lucht oibre, idir óg agus aosta agus go ndéanann sé soláthar do sholáthar a gcearta daonna;
  - Iarrtar go ndéanfaí athbhreithniú ar bheartas maidir le féiniúlacht inscne, ós rud é go bhfuil an dioscúrsa poiblí agus tuiscint na sochaí ar choincheap na hinscne ag forbairt le blianta beaga anuas, agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil ár mbeartais cothrom, atruacha, cuimsitheach agus comhlíontach do chearta an duine; agus
  - Iarrtar ar an rialtas athchóirithe dlí agus beartais a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun aitheantas agus cothromú cearta daonna gach duine i gcleachtas a chinntiú agus do na seirbhísí, na tacaíochtaí agus na beartais fhioscacha atá at teastáil chun fíor-chomhionannas a sholáthar.

**Ard Chomhairle**

14. Ag an Ard-Fheis seo:
- Athdhearbhaítear ár dtiomantas do chaomhnú agus do chur chun cinn na Gaeilge ar fud na hÉireann;
  - Léirítear imní faoin laghdú leanúnach ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta i nDaonáireamh 2021;
  - Cáinte an tAire Darragh O'Brien toisc gur theip air na treoirínte pleanála Gaeltachta a gealladh breis agus 2 bhliain ó shin a sholáthar;
  - Tacaítear le moltaí Shinn Féin "Dínit, Dea-Chleachtas, Daonlathas don Ghaeltacht" do thoghcháin Údarás na Gaeltachta atá le teacht, agus táimid ag tnúth le dul san iomaíocht ann,
  - Tacaítear le polasaí "Ár Seacht nDícheall don Ghaeilge" de chuid Shinn Féin chun úsáid na Gaeilge a normalú agus a spreagadh;
  - Léirítear imní go bhfuil baghcat an DUP ar an bhFeidhmeannas ag cur moill ar cheapadh Coimisinéir Gaeilge agus ar chur i bhfeidhm iomlán Acht na Gaeilge;
  - Tacaíonn sé le feachtais do Ghaelcholáistí do Bhaile Átha Cliath 2,4,6,8, Co. Mhaigh Eo, agus Béal Feirste;
  - Éilítear pacáiste tarrthála chun dul i ngleic leis an laghdú ar mhná tí in earnáil na gcoláistí samhraidh Gaeltachta;
  - Tréaslaítear le hearnáil chlosamhairc na Gaeilge in 2023 ar An Cailín Ciúin a bhain na Oscars amach agus ar Cúla4 a bheith ina cainéal teilifíse neamhspleách do dhaoine óga;
  - Iarrtar ar ár gcomhairleoirí Béal Feirste agus Carn Tóchair a úsáid mar mhúnlaí d'athbheochan teanga ina gcuid comhairlí, mar atá molta ag Coiste Oireachtais Gaeilge & Gaeltachta.

**Ard Chomhairle**

15. Ag an Ard Fheis seo:  
Admhaítear:
- An tábhacht a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint, a chur chun cinn agus a fheabhsú;

- An gá atá le hiarrachtaí leanúnacha chun an cás a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas inár bpobail;
- An fhéidearthacht go bhféadfaí comhoibriú agus dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an deis oibriú le chéile chun prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCNRPD) a choinneáil;

Tugtar dá haire:

- Go bhfuil teip leanúnach Rialtas na Breataine chun sárúithe ‘tromchúiseacha agus sistémach’ ar chearta daoine faoi mhíchumas a cheartú ina léiriú damanta ar riarachán na dToraithe atá cruálach agus neamhchúramach;
- Easpa tacaíochtaí iompair sna 26 contae do dhaoine faoi mhíchumas ó dhún an rialtas an Deontas Soghluasteachta agus an Deontas Tacaíochta Mótariompair d’iarratasóirí nua in 2013;

Cáinteair:

- Nár fhreastail Rialtas na Breataine ar athbhreithniú leantach ar a mbeartais leasa shóisialaigh an Choiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD);
- Buiséad déine Rúnaí Stáit na Breataine a bhfuil ciorrú suntasach déanta aige ar sheirbhísí poiblí do dhaoine faoi mhíchumas agus ar mhaoiniú d’eagraíochtaí míchumais;
- Rialtas na hÉireann as a teip Prótacal Roghnach UNCRPD a chur i bhfeidhm;

Éilíteair:

- Go gcuirfí i bhfeidhm Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCNRPD) sna 6 chontae, agus a Phrótacal Roghnach sna 26 contae.
- Ar Rialtas na hÉireann chun an Prótacal Roghnach a chur i bhfeidhm gan a thuilleadh moille.
- Rialacháin phleanála níos fearr chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais daoine faoi mhíchumas a fheabhsaíonn comhionannas rochtana ar thithíocht do chách.
- Athrú iomlán ar sheirbhísí ag díriú ar fhorbairt leanúnach scileanna oideachais iar-bhunscoile agus dara leibhéal;
- Tiomantas chun seirbhísí maireachtála neamhspleácha agus tacaíthe a leathnú agus a mhaoiniú mar aon le hUaireanta Cúntóra Pearsanta méadaithe;
- Bearta chun dul i ngleic leis an ngéarchéim costais mhaireachtála, le fócas ar an tionchar díréireach a imríonn sé seo ar dhaoine faoi mhíchumas.
- Tacaíocht mhéadaithe do Sheirbhísí Míchumais Leanaí, go háirithe rochtain ar sheirbhísí mar mheasúnuithe ar riachtanas agus luath-idirghabhálacha teiripeacha agus oideachas.
- Gníomh chun dul i ngleic leis an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, trí thacú leo siúd ar mian leo oibriú agus a bhfuil cumas éigin acu chun na deiseanna a bheith acu sin a dhéanamh.
- Tá Rialtas na hÉireann chun tacaíochtaí cuimsitheacha iompair a thabhairt isteach do dhaoine faoi mhíchumas.

**Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae,  
Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae is Fiche**

#### 16. Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Go bhfuil géarchéim sábháilteachta poiblí inár gcathracha tar éis roinnt eachtraí agus ionsaithe ar an bpobal, ar chuirteoirí agus ar Ghardaí, eachtraí ar ábhair imní iad;
- Bhí gnólachtaí agus oibríthe i dteagmháil lenár n-ionadaithe agus chuir siad imní in iúl maidir lena sábháilteacht agus a slándáil.

Admhaíteair:

- Go bhfuil ag Fine Gael, le tacaíocht ó Fhianna Fáil, an punann Ceartais le breis agus 12 bliain.
- Go bhfuil an tóin tite as muinín an phobail agus na nGardaí ina gceannaireacht.
- Go bhfuil gá anois leis an athrú práinneach sin chun oibríthe agus teaghligh a chosaint.

Cáinteair:

- Iarrachtaí Teachtaí Dála agus Airí an rialtais chun fíor-imní an phobail faoi shábháilteacht an phobail a laghdú agus a bheag a dhéanamh díbh;
- Freagra neamhleor an rialtais, lena n-áirítear ragobair a mhéadú nuair atá Gardaí i ndeireadh na feide mar gheall ar líon na nGardaí a bheith gann.
- Na heasnaimh ollmhóra i gcoinneáil agus earcaíocht na nGardaí ar chúis leis na ganntanais seo iad.

Athdhearbhaíteair:

- Ár dtiomantas do dheireadh a chur leis na dronganna coiriúla a bhíonn ag trádáil i ndrugaí agus a chruthaíonn ainnise do phobail lucht oibre.
- Ní mór leanúint leis an athchóiriú póilíneachta sin, cosúil leis an méid atá leagtha amach sa tuarascáil ón gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta.



Éilítear;

- Go gcuirfeadh tús leis an bhfeachtas earcaíochta Garda is mó i stair an stáit;
- Tascfhórsa coinneála a bhunú chun stop a chur le himeacht na nGardaí oilte a bhfuil taithí acu;
- Acmhainní cearta a sholáthar do Ghardaí, lena n-áirítear earcaigh nua, daischeamaraí agus coirp agus sannadh dualgas neamhlárnach don fhoireann shibhialtach agus do ghníomhaireachtaí eile nuair is cuí;
- Scrúdú ar chritéir earcaíochta an Gharda Síochána agus srianta cosúil leis an teorainn aoise
- Infheistíocht inár gcúirteanna, seirbhísí promhaidh, ceartas óige agus bearta cuí eile chun iarrachtaí na nGardaí i réimse na sábháilteachta poiblí a chomhlánú.

**Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae is Fíche,  
Comhairle Ceantair Lú**

**17.** Creideann an Ard-Fheis seo;

- Creideann Sinn Féin go bhfuil sé de cheart ag pobail maireachtáil go sábháilte.
- Tá Sinn Féin tiomanta do phobail a thógáil atá láidir, fáiltiúil agus inbhuanaithe.
- Níl sé inghlactha go bhfuil eagla ar go leor pobal roimh imeaglú, foréigean agus bagairt ar shláinte agus sábháilteacht.
- Tuigeann Sinn Féin go hiomlán go bhfuil na Gardaí lárnach i bhforbairt na sábháilteachta pobail. Admhaímid nach féidir linn póilíníú a dhéanamh le héalú ón ngéarchéim inár bpobail.
- Aithníonn Sinn Féin go bhfuil tógáil athléimneacht pobail lárnach chun dul i ngleic le cúiseanna agus iarmhairtí na coireachta inár bpobail. Tá cur chuige ilghníomhaireachta i gceist leis seo.
- Ní mór do ghníomhaireachtaí lena n-áirítear na Gardaí, Tusla, FSS, údaráis áitiúla, An Foróige, an Roinn Oideachais, seirbhísí pobail áitiúla agus cónaitheoirí a bheith páirteach ar bhonn comhionann in aontú, cur i bhfeidhm agus measúnú pleananna sábháilteachta pobail.
- Mar rialtas cinnteoidh Sinn Féin go dtabharfar tacaíocht agus acmhainní dóthanacha do ghníomhaireachtaí agus do sheirbhísí chun a chinntiú go mbíonn pleananna sábháilteachta pobail ann in am.

**Cúige Bhaile Átha Cliath**

**18.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Cuirtear in iúl go bhfuilimid go hiomlán in aghaidh achtú Acht Trioblóidí (Leagáid agus Athmhuintearas) Rialtas na Breataine. Tá ár bhfreasúra bunaithe ar na nithe seo a leanas:
- Tá formhór mór de theaghlaigh na n-íospartach agus na grúpaí feachtais a dhéanann ionadaíocht thar ceann go leor acu ina choinne. Cuireann sé deireadh lena gceart chun rochtain a fháil ar an bpróiseas dlíthiúil cuí, rud a sháraíonn an GFA.
- Tá sé dearbhaithe ag gach príomhghrúpa intíre agus idirnáisiúnta um Chearta an Duine, lena n-áirítear Coimisiún TÉ um Chearta an Duine, Comhairle na hEorpa, Rapóirtéirí na NA, agus an Coimisinéir Eorpach um Chearta an Duine, UILE gurb ionann cur i bhfeidhm an Achta seo agus sárú Rialtas na Breataine ar a n-oibleagáidí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, lena n-áirítear an CECD.
- Ó thaobh na polaitíochta de, tá Rialtas na hÉireann, gach páirtí polaitíochta ar oileán na hÉireann, baill iomadúla de Chomhdháil agus Seanad SAM, Páirtí Lucht Oibre na Breataine agus tromlach na mball i dTeach na dTiarnaí sa Bhreatain ina choinne.

Geallaimid ár ndlúthpháirtíocht agus ár dtacaíocht leanúnach do theaghlaigh na n-íospartach agus do ghrúpaí feachtais agus iarraidimid ar:

- Rialtas na Breataine chun an tAcht Náire seo a aisghairm láithreach.
- Rialtas na hÉireann chun dúshlán idir-Stáit i gcoinne Rialtas na Breataine a sheoladh, a luaithe is féidir, ar an mbonn go sáraíonn sé cearta Choinbhinsiúin Shaoránaigh na hÉireann.
- Páirtí Lucht Oibre na Breataine chun leanúint ar aghaidh lena rún fógartha, má bhuann siad an chéad Olltoghchán eile, an tAcht seo a aisghairm chomh luath agus is féidir.

**Cúige na Sé Chontae**

**19.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Go bhfuil an phóilíneacht sin agus an córas ceartais choiriúil i gcoitinne mar bhunchloch d'aon tsochaí agus is príomhghné d'Éirinn nua í;
- Gurb í an fhís atá againn ná póilíneacht chathartha ar fud an oileáin, atá bunaithe ar chearta daonna, dírithe ar an bpobal, ionadaíoch ar an

bpobal ar a bhfreastalaíonn sé agus freagrach don phobal sin. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs éagsúlacht mhéadaitheach na sochaí ar fud an oileáin, ag cinntiú go mothaíonn gach cuid den tsochaí gur féidir leo dul i ngleic le seirbhís póilíneachta den sórt sin go muiníneach agus gur féidir leo a bheith ag iarraidh a bheith mar chuid den tseirbhís sin agus go deimhin, ardú a dhéanamh ar feiceálacht laistigh de;

- Is cuid lárnach é chun an fhís sin do phóilíneacht chathartha a bhaint amach, ná dul i ngleic go gníomhach ar fud an oileáin anois, ar na príomhdhúshláin sa lá atá inniu ann, mar acmhainní, ionadaíocht, neamhchlaontacht, maoirseacht agus cuntasacht agus oibriú leis an bpobal ar fad agus laistigh díobh;

Molann an Ard-Fheis seo;

- An obair atá á déanamh ag ionadaithe tofa Shinn Féin laistigh de na struchtúir phóilíneachta atá ann faoi láthair chun cuntasacht, maoirseacht agus rannpháirtíocht cheart pobail a chinntiú.

Molann an Ard-Fheis seo;

- Do gach ionadaithe tofa de chuid Shinn Féin chun leanúint ar aghaidh ag plé le hinstiúidí póilíneachta agus ceartais ag gach leibhéal, Thuaidh agus Theas, chun póilíneacht chuntasach, nua-aimseartha agus dírithe ar an bpobal a bhaint amach. Áireofar leis seo na meicníochtaí cuntasachta atá ann agus grúpaí feachtais atá ag obair chun struchtúir phóilíneachta agus ceartais a dhéanamh ionadaíoch go fírinneach ar an bpobal ina iomláine agus seirbhís don phobal ina iomláine.

#### Cúige na Sé Chontae

#### 20. Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Ról agus tábhacht na póilíneachta pobail agus creideann sé go bhfuil caidreamh dearfach idir na Gardaí agus an pobal riachtanach chun an nasc sin a thógáil.
- Gurbh iomaí sin eachtra a chuir le laghdú ar mhúinín an phobail as na póilíní de bharr polasaithe atá á leanúint ag rialtais Fhianna Fáil agus Fhine Gael.
- Ba mhaith le Sinn Féin tionscnamh nua um chosc na coireachta a sheoladh chun oideachas a chur ar dhaltaí trí eolas a chur ar fáil agus feasacht a ardú ar bhulaíocht agus ar chosc na coireachta i suíomhanna scoile chun dea-chaidreamh a chothú idir na Gardaí agus na daltaí agus freisin idir na daltaí féin.
- Tá Sinn Féin ag fiosrú faoi Lá na nGardaí a bhunú sna scoileanna. D'fhéadfaí Lá na nGardaí a reáchtáil uair sa bhliain, ina bhféadfadh oifigigh póilíneachta pobail ó cheann ceann na tíre cuairt a thabhairt ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna insint do pháistí faoi bhulaíocht agus faoi chosc na coireachta. D'fhéadfadh siad comórtas a reáchtáil a bhaineann lena gcur i láthair, agus gheobhaidh an buaiteoir duais. Cuirfidh sé seo chun cinn idirghníomhaíocht dhearfach idir an óige agus forghníomhú an dlí agus ag an am céanna chuirfeadh sé cosc ar bhulaíocht agus éadulaingt i measc daltaí scoile.
- De réir an staidéir, déantar bulaíocht ar thart ar 12-18 bliain d'aois ar scoil. Cailleann go leor leanaí an scoil gach lá mar gheall ar eagla go n-ionsaíonn daltaí eile
- nó go mbíonn siad imeaglaithe. Is dóichí go mbeidh dúlagar agus imní ag baint le daltaí a ndéantar bulaíocht orthu, go ndéanfaidh siad coireanna agus nach n-éiríonn chomh maith sin leo ar scoil.
- Oibreoidh Sinn Féin go dian chun idirphlé a oscailt le daoine óga faoin mbulaíocht agus faoin éadulaingt, go háirithe faoina mothúcháin agus a gcuid smaointe.

#### Cumann James Connolly (Baile Formaid)

#### 21. Ag an Ard-Fheis seo;

- Cuirtear go hiomlán i gcoinne Acht Leagáide Rialtas na Breataine agus seasann sé le cearta na dteaghlach ar cailleadh gaol leo teacht a bheith acu ar imscrúduithe oidhreachta agus ar ionchoisní a chomhlíonann Airteagal 2 de CECD.
- Iarrtas ar Rialtas na hÉireann gníomhú, mar chomh-ráthóir ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, i gcoinne Rialtas na Breataine, trí imeachtaí dlí a thionscnamh más gá chun cur i gcoinne an Achta Leagáide.

#### Cumann Hurson/O'Hanlon (Gallbhaile/Ceapach)

#### 22. Go gcuireann an Ard-Fheis seo dlúthpháirtíocht in iúl dár mbaill agus saoránaigh LADTA a bhfuil a gcearta á mbaint ag cohórt beag ach callánach.

Cáinimid na hionsaithe méadaitheacha ar dhaoine tras-inscne agus neamhchomhlíonta, ar mionlach an-bheag iad inár bpobail.

Tá ag gach duine an ceart chun sábháilteacht phearsanta, ionracas féiniúlachta, a bheith sláintiúil agus sona i sochaí uilechuimsitheach.

Ina theannta sin iarraidimid athbhreithniú atruach cuimsitheach ar ár mbeartais ar chúram

sláinte dearbhaithe inscne agus táimid tiomanta do shamhail chúraim a chur i bhfeidhm de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.

**Cumann Charlie McGlade (Droimeanach)**  
**Cumann Emmett/Mallin (Inse Chór)**  
**Cumann Bohan-Marren**  
**Cumann Tom Kealy (Cill Droichid)**

**23.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Aithnítear go bhféadfadh nádúr ró-lárnaithe na cinnteoireachta in Éirinn muinín sa chóras polaitíochta a mhaolú.

Bíonn an fhadhb seo go háirithe ann ag an leibhéal áitiúil áit a bhfuil méid díríreach cumhachta ag bainisteoirí comhairle neamhroghnaithe i gcomparáid le Comhairleoirí tofa.

- Iarrtar ar Shinn Féin sa rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach chun an chumhacht a aistriú ó bhainisteoirí comhairle neamhthofa agus ar ais go dtí Comhairleoirí tofa.
- Tugtar sainordú do Shinn Féin sa Rialtas cumhachtaí a thabhairt d'údarás áitiúla chun seirbhísí bailithe dramhaíola a ath-bhardasú.
- Tugtar sainordú do Shinn Féin sa Rialtas cumhachtaí a thabhairt d'údarás áitiúla chun tithíocht a sholáthar.

**Comhairle Ceantair Thiobraid Árann**

**24.** Ag an Ard-Fheis seo;

Aithnítear an creimeadh suntasach ar chumhachtaí an Rialtais Áitiúil sna 26 Chontae agus an nós cuma liom ag na toghthóirí dá bharr.

Iarrtar ar an Ard-Chomhairle meitheal oibre a bhunú chun na réimsí seo a leanas a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu;

- Rochtain ar vótáil phoist a mhéadú
- Na bacainní ar chlárú vótálaithe a éascú
- Meicníocht a sholáthar le haghaidh vótála spreagtha
- Cosaintí dlíthiúla d'ionadaithe rialtais áitiúil atá fostaithe, a cheadaíonn líon socraithe uaireanta chun freastal ar chruinnithe reachtúla.
- An aois vótála a laghdú go dtí 16 do gach toghchán agus reifreann
- Coiste achainíochta a bhunú do gach údarás áitiúil.
- An aois toghcháin don Seanad a laghdú go 18
- Rochtain ar chúrsaí in aisce a chuimsíonn staidéir Rialtais Áitiúil tríd an Roinn Rialtais Áitiúil
- A chinntiú go gcuirtear buiséid na n-údarás áitiúil i bhfeidhm go hiomlán agus go bhfuil siad profa ó thaobh an chomhionannais de.
- Fixmystreet.ie a thabhairt isteach arís

**Comhairle Ceantair Cill Dara,**  
**Coiste Eagraíochta Shinn Féin**

**25.** Tréaslaíonn Sinn Féin;

- Le Conradh na Gaeilge agus an breis is 130 grúpaí pobail Gaeilge as ucht an 'Plean Fáis' a chur le chéile, plean infheistíochta don teanga a thabharfas comhthrom na féinne don Ghaeilge san earnáil chaitheachais phoiblí.
- Go bhfáiltíonn an páirtí roimh an 'Plean Fáis', plean infheistíochta don teanga a thabharfas comhthramaíocht na féinne don Ghaeilge san earnáil chaitheachais phoiblí.
- Cuireadh le chéile an Plean Fáis ag Conradh na Gaeilge agus tá sé sínithe ag breis is 130 grúpaí pobail Gaeilge. Mar sin, is plean de chuid pobal na Gaeilge i gcoitinne an plean seo, a leagann amach bóthar caitheachais i dtreo cothramaíochta don Ghaeilge i gcompráid leis na hEalaíona agus le hOidhreacht, agus a dhéanfadh cúlú ar chiorraithe miltineacha ar an bhuiséad don teanga.

Gheall Sinn Féin;

- Go rachadh muid níos faide ná an plean nuair a chuireadh os comhair Teachtaí Dála agus Seanadóirí é i mí Mheáin Fhómhair agus cháin muid an rialtas nuair nár ghlac siad leis an méid a bhí molta againn inár mbuiséad malartach nó moltaí an phlean sa cháininséis deireanach.
- Is mór dúinn anois beart a dhéanamh de réir briathar, éisteacht le miantaí phobal na Gaeilge agus le fíis Chonradh na Gaeilge, agus ár dhilseacht agus tiomantas dul níos faide ná spriocanna an Phlean Fáis a dheimhniú arís.

**Cumann Pat Rehill (Baile Átha hÉis)**

**26.** Go gcuirfidh Sinn Féin feachtas ar bun ag éileamh go mbeidh "Lár-ionad na Gaeilge" i ngach contae sna 32 contae agus go mbeidh, ar a laghad, ball foirne amháin (Oifigeach

Gaeilge) ag gach údarás agus níos mó ná sin sin sna contaetha móra. Ar ton dul leis na hOifigigh Ealaíne agus Oifigigh Oidhreachta atá ann cheana féin. Go mbeadh maoiniú, nó páirtmhaoiniú ó Choras na Gaeilge do na hoifigí agus na hoifigigh seo. Cuid do na dualgais go mbeadh na hoifigí seo freagrach as ná;

- 1) Cur chun cinn na Gaeilge i limistéar an údaráis
- 2) Dualgais an údaráis maidir leis an Acht Tanga agus reachtaíocht eile a chomhlíonadh
- 3) Seirbhís an údaráis a chuir ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge
- 4) Deiseanna foghlama agus labhairt na Gaeilge a eagrú don phobal
- 5) Réimse leathan dualgas maidir leis an nGaeilge

Bheadh na hoifigí seo ag feidhmiú go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge  
5Cumann Seamus Wrynn (Béal an Átha Mhóir)

**27.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le constaicí do dhaoine faoi mhíchumas fostaíocht a fháil agus a bheith rannpháirteach sa tsochaí.
- Aithnítear sé luach an phas saorthaistil do dhaoine aonair faoi mhíchumas, rud a chumasaíonn rochtain ar obair, cúram sláinte agus gníomhaíochtaí sóisialta. Tá sé ríthábhachtach mar go mbíonn iompar ag teastáil le níos mó post anois.
- Dearbhaítear léi go dtéann tacú le cuimsiú daoine faoi mhíchumas san fhórsa saothair chun tairbhe na sochaí trí éagsúlacht agus comhdheiseanna a chur chun cinn.

Mar sin féin, má chailtear an pas saorthaistil is féidir go gcruthófar bacainn éagórach. Ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin;

- Iarrtar ar dhaoine faoi mhíchumas a bpas saorthaistil a choinneáil fiú tar éis dóibh fostaíocht a aimsiú.
- Éascóidh an t-athrú seo a rannpháirtíocht leanúnach sa lucht saothair agus cuirfidh sé cuimsitheacht chun cinn. Creidimid go laghdóidh an t-athrú seo go mór na bacainní do dhaoine faoi mhíchumas atá ag lorg fostaíochta. Iarraimid ar gach ball abhcóideacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt go nglacfar leis gan mhoill, ag cinntiú rannpháirtíocht iomlán san fhórsa saothair agus saolta sásúla do dhaoine faoi mhíchumas.

**Cumann Markievicz/Tadhg Barry (Bardaí Lárnacha/Siar ó Thuaidh)**

**28.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Gurbh é an pointe lárnach i stair ár bpáirtí, a léirigh ár láidreacht mhéadaitheach ar fud na 32 contae, agus muid níos cóngaraí anois ná riamh chun an Phoblacht a bhaint amach, Poblacht a shamhlaigh Pádraig Mac Piarais i 1916.

Aithnítear;

- An éagóir as cuimse atá le sárú ag iar-phríosúnaigh pholaitiúla agus a dteaghlaigh, go ndiúltaítear an ceart bunúsach taisteal gan bhac go dtí na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus Meicsiceo, in ainneoin a gcion suntasach ar ár dturas i dtreo Éireann Aontaithe.
- Léiríonn stair ár bpáirtí athléimneacht agus diombháilteacht, an t-eisiamh a shárú, agus forfheidhmiú beartais a d'fhreastail ar leasanna na Breataine.

Molann an Ard-Fheis seo;

- Tús a chur le hidirphlé taidhleoireachta le rialtais na Stát Aontaithe, Ceanada, na hAstráile, na Nua-Shéalainne, agus Meicsiceo chun tacú le hathbhunú cearta taistil d'iarphríosúnaigh pholaitiúla agus a dteaghlaigh.

Aithnímid an deis faoi leith chun ár dtionchar méadaitheach sa saol polaitiúil a úsáid chun cúis an cheartais agus chearta an duine a chosaint.

Agus muid ag dul ar aghaidh i dtreo na Poblachta, táimid tiomanta do chonair chuimsitheach a chinntiú nach bhfágtar ar gcúl iad siúd a rinne íobairt ar son na haislinge a bhí againn uile."

**Cumann Markievicz/Tadhg Barry (Bardaí Lárnacha/Siar ó Thuaidh)**

**29.** Éilítear ag an Ard-Fheis seo;

- Cur i bhfeidhm láithreach na mbeartas chun tacú le póilíneacht phobail ar fud na hÉireann. Tá go leor pobail den lucht oibre tréigthe leis na mangairí drugaí agus na dronganna coireachta eagraithe. Tá spiorad na nGardaí ag an leibhéal is ísle riamh. Tá níos fearr tuillte ag ár muintir agus ag ár nGardaí.
- Téarmaí agus coinníollacha feabhsaithe an Gharda Síochána, agus seirbhís feabhsaithe póilíneachta pobail chun oibriú le pobail chun láithreachta Gardaí níos sofheicthe a sholáthar ar an talamh. Tá seirbhís phóilíneachta ag teastáil uainn, ní fórsa póilíneachta.

**Cumann Mellow/Doherty/McKee**

- 30.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;
- Tá géarchéim i ndán do phobail stairiúla gar do Lár na Cathrach sa Tuaisceart, géarchéim ina bhfuil leibhéil arda páirceála do chomaitéirí. Tá an fhadhb seo atá ag dul in olcas i gcónaí agus ag cur teorainn le deiseanna súgartha do leanaí agus ag goid an spáis luachmhar lasmuigh a mbíonn pobail dá leithéid ag brath air.
- Éilítear ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin;
- Orduithe Páirceála ar an Sráid ar fud na bpobal mórtimpeall i lár na cathrach i lárionaid uirbeacha i gcomhar le comhairliúchán le cónaitheoirí áitiúla.
  - Méadú ar líon na scéimeanna píolótacha atá beartaithe ar fud na bpobal timpeall lár na cathrach.
- Cinneann an Ard-Fheis seo;
- Cabhróidh laghdú ar líon na bhfeithiclí seachtracha a úsáideann pobail mar charrchlóis le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus ar shábháilteacht ar bhóithre. Spreagfaidh an rún seo níos lú úsáide feithiclí ar fud ár gcathracha agus feabhsóidh sé modhanna iompair eile.

**Cumann na bhFál**

- 31.** Éilíonn an Ard-Fheise seo ar;
- Ar Rialtas na Breataine a bpáirt sa chéastóireacht agus sa droch-chóir a chaith siad le gach príosúnach Poblachtach agus go gcaithfidís cúiteamh a thabhairt do na príosúnaigh a cuireadh i bpríosún agus iarraidimid ar an Ard-Fheis seo aitheantas a thabhairt don pháirt a bhí ag príosúnaigh inár streachailt ar son na síochána agus an athmhuintearais.

**Cumann Cull/Tymon (An Airnigh)**

- 32.** Creideann an Ard-Fheis seo;
- Tá gá le dul chun cinn práinneach ar Straitéis na hOifige Feidhmiúcháin maidir le Deireadh a chur le Foréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní mar thosaíocht
  - Ní mór don straitéis seo dul i ngleic le foréigean in aghaidh na mban agus na gCailíní, agus dúshlán a thabhairt don ghnéasachas agus don fhuath ar na mná ó lá go lá.
- Is cúis áiféala é gurb amhlaidh an méid seo a leanas:
- Ó 2021 i leith, tá an comhráta banmharaithe is airde san Eoraip i dtuaisceart na hÉireann;
  - Go maraítear tuairim is bean amháin gach 3 mhí i dtuaisceart na hÉireann;
  - Go bhfuil Foréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní i ngach áit in Éirinn;
  - Go mbeidh constaicí fós le sárú ag íospartaigh laistigh den chóras ceartais agus laistigh den tsochaí féin, rud a chuireann cosc orthu teacht ar aghaidh faoina mí-úsáid.

Cáinteair:

- Go bhfuil buiséad déine Rúnaí Stáit na Breataine tar éisi ciorraithe suntasacha a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí, ar sheirbhísí luath-idirghabhála agus athshlánúcháin, agus ar phá na hearnála pobail agus deonaí, lena n-áirítear maoiniú chun tacú le híospartaigh foréigin in aghaidh ban agus cailíní.

Éilítear;

- Maoiniú láidir agus iomlán ar Straitéis Críoch a chur le Foréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní de chuid na hOifige Feidhmiúcháin chun an chaoi a dtuigeann agus a bhfreagraíonn an tsochaí d'fhoréigean in aghaidh na mban agus na gCailíní a athrú;
- Bunú fóram uile-oileáin chun comhoibriú le deireadh a chur le foréigean in aghaidh ban agus cailíní.

**Comhairle Ceantair Chúil Raithin**

- 33.** Ag an Ard-Fheis seo:
- Aithnítear fulaingt gach duine a tháinig slán as Aráis Máithreacha is Leanaí.
  - Is oth léi go n-eisiann scéim sásaimh an rialtais iad siúd a chaith níos lú ná 6 mhí in aráis máithreacha agus leanaí agus cuireann sé de cheangal ar Shinn Féin sa rialtas an scéim sásaimh a leathnú chun gach duine a tháinig slán a áireamh.

**Cumann Sean Treacy (Ros Cré)**

- 34.** Tacaíonn an Ard-Fheis le nuashonrú na mbeartas RGCS atá ann cheana féin, go háirithe maidir le taifeadadh gutha ar chomhráite teileafóin le tomhaltóirí ag cuideachtaí agus eagraíochtaí. Ba chóir go gcuirfí in iúl go soiléir an ceart chun cóip a fháil den taifeadadh nuair a bhíonn cead taifeadta á lorg.

**Cumann Murt Qualter (Baile Átha an Rí)**

**35. Ag an Ard-Fheis seo;**

- Cuirtear in iúl ár dtacaíocht gan staonadh don Earnáil Phobail agus Dheonach agus dá bhfoireann thiomanta a oibríonn go dian dícheallach chun na pobail is mó a bhfuil gá acu leo a chosaint agus a ardú.
- Creidtear gur léiríodh go bhfuil an earnáil seo mar tharrtháil do líon daoine aonair agus do theaghlaigh, ag soláthar seirbhísí ríthábhachtacha, tacaíocht agus acmhainní dóibh siúd atá leochaileach nó imeallaithe. Tá difríocht mhór déanta ag a n-iarrachtaí gan staonadh maidir le feabhas a chur ar shaolta líon mór saoránach ar fud ár réigiún.
- Moltar Aire na Roinne Pobail, Deirdre Hargey, as a tiomantas seasta do chosaint na bpobal seo le linn a téarma mar Aire DfC. Bhí a tiomantas don chúis thábhachtach seo ríthábhachtach chun a chinntiú nach ndéanfaí dearmad ar riachtanais na ndaoine is leochailí.
- Aithnítear go bhfuil ciorruithe buiséadacha os comhair na Roinne Pobail, agus toisc nach bhfuil aire ann gurb amhlaidh gur measa na dúshláin atá roimh an earnáil seo.
- Ina theannta sin, chuir na ciorruithe uafásacha a rinne Westminster brú breise ar a gcuid obair ríthábhachtach.
- Aithnítear an ról ríthábhachtach a imríonn na heagraíochtaí seo agus a gcuid foirne agus creideann sí go daingean gur cheart tacú lena gcuid oibre, go mbeadh luach uirthi agus go leanfaí léi.
- Ina theannta sin, moltar don Páirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) deireadh a chur lena bhagcat ar Institiúidí Stormont/Aoine an Chéasta. Tá CTRanna tofa ag muintir an réigiúin seo go daonlathach chun ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna agus seirbhísí riachtanacha a sholáthar agus ní mór deireadh a chur lena mbagcat.

**Comhairle Ceantair an tSléibhe Dhuibh**

**36. Ag an Ard-Fheis seo;**

- Athdhearbhaítear a tiomantas do réigiún Iarthuaisceart na Cathrach, ag aithint go bhfuil sé faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar fhaillí ó rialtais i ndiaidh a chéile in Éirinn agus ó shean-réimeas stormont.
- Aithnítear go bhfuil leathnú agus nascacht Ollscoile ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch an réigiúin, agus mar sin déanaimid tiomantas arís d'infrastruchtúr bóithre, aeir agus iarnróid.

Moltar fosta;

- Oibriú le gach comhpháirtí chun leathnú ollscoile a leanúint don réigiún.

Rachaidh Sinn Féin sa tóir ar naisc bhonneagair fheabhsaithe, a dhéanfaidh rochtain ar an Iarthuaisceart níos éasca dóibh siúd ar mian leo infheistíocht a dhéanamh, maireachtáil, oibriú, freastal ar an ollscoil agus sóisialú sa Réigiúnt, trína dtuigfear féidearthachtaí an Réigiúin Cathrach seo, ina bhfuil Doire, Iarthar Thír Eoghain agus Dún na nGall.

**Cumann Shantallow Martyrs Cumann (An Seantalamh)**

**37.**

I Meán Fómhair na bliana seo d'eisigh an Roinn Coimirce Sóisialaí a bPáipéar Uaine ar Athchóiriú Míchumais. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an gcóras íocaíochtaí míchumais atá ann faoi láthair agus trí shraith íocaíochta a chur ina ionad, ag brath ar a dtugann an rialtas "cumas oibre don duine". I ndlínsí eile cosúil leis an mBreatain, bhí tionchar ag measúnuithe pionósacha acmhainne ar dhaoine faoi mhíchumas a chur isteach in obair atá mí-oiriúnach, nó a d'fhág gur díúltaíodh teidíochtaí, agus a chruthaigh cruatan suntasach dá bharr.

In ainneoin na béime ar chabhrú leo siúd atá "in ann obair" fostaíocht a aimsiú, agus freisin feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do dhaoine "nach bhfuil in ann oibriú".

Ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin;

- Ba mhian inní a chur in iúl go bhféadfadh Rialtas Glas ó Fhine Gael-Fianna Fáil féachaint leis an gcomhairliúchán seo a úsáid mar chlúdach chun costais a shábháil agus chun seirbhísí míchumais a phríobháidiú agus daoine faoi mhíchumas a íospairt.

Iarrann an Ard Fheis seo ar an Rialtas;

- Gan an cur chuige céanna a d'úsáid dlínsí eile a ghlacadh, ó mheasúnuithe pionósacha acmhainne oibre mar atá sa Bhreatain, gan úsáid a bhaint as an gcomhairliúchán seo mar bhealach chun costais a laghdú go stealth, agus chun dul i ngleic leis na fíor-chonstaicí atá ar dhaoine faoi mhíchumas a bheith ag obair.



- Cuirfidh Sinn Féin mar rialtas Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (arna dhaingniú ag Éirinn in 2018) i bhfeidhm go hiomlán, rud nár éirigh leis an rialtas seo a dhéanamh.

An infheistíocht i seirbhísí sláinte, seirbhísí cúram baile agus seirbhísí fostaíochta, a theastaíonn, chun cáilíocht na beatha do gach duine faoi mhíchumas a fheabhsú go leibhéal inghlactha. Ar a bharr sin, déanfaidh rialtas de chuid Shinn Féin an méid seo a leanas;

- Bunóidh sé coimisiún um leordhóthanacht leasa shóisialaigh chun a chinntiú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas agus gach faighteoir leasa shóisialaigh eile íocaíochtaí a chinnteoidh go bhfuil siad cosanta ón mbochtaineacht agus a ligeann do dhaoine faoi mhíchumas maireachtáil le dínit, agus a aithníonn costais bhreise an mhíchumais.

**Cumann Patrick Conry (An Caisleán Riabhach)**

**38. Ag an Ard-Fheis seo:**

- Iarratar ar Rialtas na hÉireann athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an Scéim um Chóiríocht Speisialta do mhic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu.

**Cumann Fr Murphy/Keegan/Parle Cumann (Inis Córthaidh)  
Cumann Fr Murphy/Manchester Martyrs (Ferna)**

**39. Aithníonn an Ard-Fheis seo;**

- Nach bhfuil Éire ag comhlíonadh spriocanna Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDG) maidir le daoine a bhfuil uathachas agus riachtanais bhreise acu.
- Go dteastaíonn sos ó theaghlaigh agus ní mór dóibh measúnuithe imleor a fheiceáil laistigh d'fhráma ama réasúnta.

Ní mór do theaghlaigh acmhainní mar iompar poiblí chuig aonaid ASD i mbunscoileanna agus i meánscoileanna a chur ar fáil níos mó; Ba cheart an Cárta Eorpach Míchumais agus an Cárta Eorpach Páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar, mar atá siad i stáit eile de chuid an AE, do dhaoine aonair a bhfuil uathachas agus riachtanais bhreise acu, nuair is gá.

Ina theannta sin, tá sé ag teacht le SDG 4 (Oideachas Cáilíochta), ag cur béime ar an ngá atá le hoideachas cuimsitheach agus le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do dhaoine aonair ar a bhfuil Uathachas. Tá maoiniú sainchuspóirí oideachais in éineacht le curaclam dóibh siúd atá leochaileach inár dtír a bhfuil Uathachas (neamhord néarfhorbartha arb iad is sainairíonna é idirghníomhú sóisialta agus dúshláin chumarsáide) orthu fite fuaite le roinnt SDGanna de chuid na Náisiún Aontaithe. Baineann sé go díreach le SDG 3 (Dea-Shláinte agus Folláine), ag cur béime ar an ngá atá le diagnóis luath, seirbhísí idirghabhála, agus cúram sláinte marthanach ar feadh an tsaoil dóibh siúd a bhfuil uathachas orthu. Tá nasc an Uathachais le SDG 10 (Éagothroime Laghdaithe) agus SDG 16 (Síocháin, Ceartas, agus Institiúidí Láidre) feiceálach, ag cur béime ar a thábhachtaí atá sé neamhionannais a laghdú agus sochaithe cuimsitheacha a chur chun cinn a léiríonn meas agus a sheasann do chearta gach duine, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Uathachas orthu.

Iarrann an Ard-Fheis seo ar an rialtas cosán agus treoirilínte soiléire a leagan amach maidir leis an dóigh a mbainfear amach tiomantas na hÉireann maidir le spriocanna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe do leanaí a bhfuil uathachas agus riachtanais bhreise acu a bhaint amach.

**Cumann O'Malley/Russell (Thoir Thuaidh Lár na Cathrach)**

**40. Aithníonn an Ard-Fheis seo;**

- Na bacainní reatha ar Shaoránacht Éireannach dár bpobail nua, go háirithe sna Sé Chontae.
- Éilíonn an Ard-Fheis seo mar sin ar Rialtas na hÉireann próiseas Saoránachta na hÉireann a chomhchuibhiú, é a dhéanamh comhsheasmhach ar fud oileán na hÉireann agus gan idirdhealú a dhéanamh i gcoinne pobail nua ag brath ar an dlínse ina bhfuil cónaí orthu.

**Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Theas agus Thoir**

**41. Tugtar an Ard-Fheis seo dá haire;**

- Go n-imríonn dlíodóirí atá sásta oibriú laistigh den Scéim um Chúnamh Dlíthiúil ról lárnach agus ceannródaíoch sa troid ar son chearta na ndaoine is leochaillí sa tsochaí, ag cinntiú nach bhfuil rochtain ar an gceartas do Dhaoine saibhre amháin.
- Go n-imríonn dlíodóirí a sholáthraíonn cúnaimh laistigh den scéim um chúnamh dlíthiúil ról ríthábhachtach maidir le cearta leanaí a chosaint agus teaghlaigh i ngéarchéim a chosaint.
- Go ndéanann dlíodóirí a oibríonn laistigh den Scéim um Chúnamh Dlíthiúil

dlíthíocht go seasta chun Cearta an Duine agus an Riall Dlí a chosaint, ag iarraidh an rialtas a choinneáil cuntasach.

- Go bhfuil an ghéarchéim atá dea-phoiblithe maidir le maoiniú Cúnamh Dlí sa Tuaisceart mar chuid de dhúshlán leanúnach maidir le rochtain ar Cheartas.

Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo;

- Gur chóir go mbeadh aon chóras dlí 32 contae in Éirinn Aontaithe comhlíontach do Chearta an Duine, oiriúnach don fheidhm agus go bhfreagródh sé do riachtanais úsáideoirí deiridh i ngach earnáil dlí.
- A dtacaíocht d'Earnáil Cúnamh Dhlíthiúil ar fud an Oileáin atá maoinithe go cuí.

Éilítear ag an Ard-Fheis seo;

- Go rachadh an páirtí i dteagmháil le Cleachtóirí Dlí sna 6 chontae, 'Barra Thuaisceart Éireann' agus 'Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann' maidir le saincheisteanna a bhaineann le Cúnamh Dlíthiúil, rochtain ar cheartas, agus tacú lena n-iarrais ar mhaoiniú leordhóthanach agus oiriúnach.
- Go rachadh an páirtí i dteagmháil le Cleachtóirí Dlí sna 26 chontae, 'Barra Thuaisceart Éireann' agus 'Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann' maidir le saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar cheartas, agus tacú lena n-iarrais ar mhaoiniú leordhóthanach agus oiriúnach.
- Go rachadh an páirtí i dteagmháil le Cleachtóirí Dlí agus a gcomhlachtaí gairmiúla faoi seach ar fud na 32 Chontae chun treoirphean costáilte agus taighde a chruthú ar fhís an Pháirtí do Chóras Dlí in Éirinn Aontaithe.

**Cumhairle Ceantair Bhéal Feirste Theas agus Thoir**

42. Ag an Ard-Fheis seo;

- Tacaítear i bprionsabal leis an gcinneadh clár gardaí a chruthú agus a chur i bhfeidhm do chiontóirí foréigean teaghlaigh roimhe seo, cosúil leis an gclár reatha ciontóirí gnéis.
- Aithnítear gur féidir agus gur cheart céatadán mór de mhí-úsáid teaghlaigh a sheachaint trí úsáid a bhaint as faisnéis a chuirtear ar fáil maidir le ciontóirí roimhe seo. Chun gníomhartha foréigin teaghlaigh a chosc agus a laghdú ar mhaithe le sábháilteacht gach ball sa teach, cruthófar beochlár.
- Tacaíonn le chlár ciontóirí mar a mhol teaghlach Poole, tar éis gur cailleadh Jennifer ionúin s'acu.
- Geallann an rialtas meitheal oibre a bhunú chun dul i ngleic le haon bhac dlíthiúil ar thabhairt isteach na reachtaíochta is gá chun foráil a dhéanamh do chlár gardaí foréigean baile.

**Cumann Martin Meehan (Ros Láir)**

43. Deimhníonn an Ard-Fheis seo;

- Go ndéanfaidh an Ard-Chomhairle doiciméad beartais a fhorbairt a leagfaidh amach an creat do phlean fadtéarmach inbhuanaithe maidir le hathchóiriú, maoiniú agus feidhm an Rialtais Áitiúil ar fud na tíre.

**Cumann Shinn Féin James Tormey/Toby Mannion, Ros Comáin Theas**

44. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo tiomantas Shinn Féin do thábhacht an rialtais áitiúil agus geallann sí d'aon rialtas de chuid Shinn Féin amach anseo a chinntiú go gcuirtear buiséid fhiúntacha agus uathriail cinnteoireachta ar ais chuig Comhairlí Contae, Buirge agus Baile agus go ndéantar iad a fheabhsú ar fad mar ábhar tosaíochta.

**Cumann Dunne Kelly Whitty, Loch Garman**

45. Éilimid ar an Ard-Fheise seo;

- Maoiniú a mhéadú d'Eagraíochtaí Forbartha Óige agus, ag cur san áireamh gur réimse deonach den chuid is mó atá sa réimse seo, iarracht a dhéanamh rochtain ar an maoiniú seo a chuíchóiriú agus a shimpliú don iliomad Eagraíochtaí Óige laistigh dár bpobail.

**Cumann Kevin Coen (Sligeach Thoir)**

46. Tháinig fás 500K ar dhaonra an Stáit i gceann 10 mbliana, agus is i mBaile Átha Cliath, ár bpríomhchathair, atá cuid mhór den fhás seo. In ainneoin an daonra seo atá ag méadú go tapa, níor éirigh leis an rialtas Gardaí a earcú le linn na paindéime COVID agus oifigigh ag dul ar scor nó á n-aistriú ó phatról go haonaid chúl. D'fhág sé seo ár sráideanna gan go leor póilíneachta agus is cúis náire é seo. Tugadh cluas bhodhar d'achainithe ón bpobal chuig ár n-ionadaithe chun leibhéil phóilíneachta a bhí ann roimhe seo a chur ar bun in athuir agus tá gás-soilsiú á dhéanamh ar an bpobal trí stasiúin nua Ghardaí a oscailt nach bhfuil aon tionchar acu ar líon na nGardaí ar an tsráid. Ghlac sé ionsaithe foréigineacha ar thurasóirí chun freagra a fháil ar deireadh ónár Aire Dlí agus Cirt agus ó ionadaithe rialtais áitiúil. Tá na Gardaí féin in ísle brí- tá sé chomh maith ag an leibhéal is ísle riamh - mar gheall ar ragobair agus easpa tacaíochta - is léir gur tháscaire soiléir é an vóta ró-mhór le déanaí maidir le heaspa muiníne as Coimisinéir an Gharda Síochána.

Tá níos fearr ná seo tuillte againn. Ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin;

- Iarrtar ar an rialtas conradh buan sóisialta a chomhaontú trína gcinnteofar íosleibhéil phóilíneachta agus go scríobhfaí sa dlí é

Níor chóir go mbeadh orainn amharc ar an iompar mídhleachtach seo i lár ár gcathracha agus rothair streachailte ar chosáin, fuinneoga briste, agus graifítí ar fud na háite.

**Cumann O'Malley/Russell (Thoir Thuaidh Lár na Cathrach)**

**47.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Aithnítear an foilseachán le déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh a rinne comparáid idir teagmhais choireachta i R1 2022 agus R1 2023. Tugann sé dá aire go bhfuil méadú ar an gcoireacht i roinnt catagóirí tromchúiseacha.
- Cáinte ar na hionsaithe uafásacha a tharla le déanaí i gcoinne Gardaí & turasóirí i mBaile Átha Cliath.
- Tugtar dá haire an eagla mhéadaithe atá ar bhail an phobail.
- Cáinte go mór an tAire Dlí agus Cirt as a freagra iomlán neamhleor ag rá go bhfuil “ár gcathair sábháilte” agus í ag cur síos ar an míshuaimhneas méadaitheach atá ar an ngnáthshaoránach trína rá “nach bhfuil rudaí foirfe”.
- Tugtar dá haire nach ceist inár gcathracha amháin é coiriúlacht mhéadaitheach ach inár bpobail tuaithe ina bhfuil drugaí ar fáil go forleathan freisin le gabhála drugaí níos mó de réir a chéile á dtuairisciú sna meáin i gcontaetha Ros Comáin agus Longfoirt.

Ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin;

- Dhéanfaí iarracht gach moladh sa tuarascáil “PÓILÍNEACHT I MBAILE ÁTHA CLIATH - POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE” a chur i bhfeidhm ag an bpáirtí laistigh den fhráma ama is gaiste agus is féidir.
- Dhéanfaí iarracht go ngearrfaí pionóis níos géire as scianchoireacht.
- Dhéanfaí iarracht ar fhéidearthacht go n-athosclófaí stáisiúin gardaí tuaithe a dúnadh ag buaic ghéarchéim airgeadais 2008 agus a raibh amanna práinnfhreagartha uafásacha mar thoradh ar a ndúnta.
- Dhéanfaí iarracht ar fhéidearthacht soláthar a dhéanamh d'aonaid freagartha armtha breise i Ros Comáin & Longfort chun déileáil le gníomhaíocht a bhaineann le drugaí agus dronganna.

**Cumann Mairéad Farrell/Joe McDonnell (Béal na mBuillí)**

**48.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Cáinte ar aon imeaglú ar ár bhfoireann leabharlainne agus ar úsáideoirí ag gníomhaithe faististeacha go mór ar an eite dheis.
- Aithnítear an ceart atá ag foireann na leabharlainne oibriú in ionad oibre saor ó imeaglú, agus tacaítear le hiarratas Cheardchumann Fhorsa ar údarais áitiúla bearta láidre réamhghníomhacha a dhéanamh chun foireann na leabharlainne agus úsáideoirí eile leabharlainne a chosaint.

**Cumann McEvilly/O'Malley (Caisleán an Bharraigh)**

**49.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Iarrtar go ndéanfaí iniúchadh ar gach linn snámha poiblí agus go gcruthófar ciste rialtais áitiúil imfhálaithe chun linnte snámha poiblí a chothabháil, a dheisiú agus a thabhairt ar ais in úsáid.

**Cumann Caisleán Nua Thiar**

**50.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Diúltaítear do bheartas na dToraithe, beartas ar theip air, maidir le díriú ar shaoránaigh faoi mhíchumas le haghaidh “measúnú leighis” chun a míchumas a “chatagóiriú” i dtrí leibhéal a bhaineann le “acmhainn” chun oibre atá sa Pháipéar Uaine ar Athchóiriú Míchumais a foilsíodh le déanaí agus iarrtar ar an rialtas gach prótacal de Choinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Míchumas a dhaingniú go hiomlán.

**Cumann Mhainistir Eimhín/Chill Daingin**

**51.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Tugtar dá haire gur ábhar imní é leitheadúlacht mhéadaithe Andúile hearóine i gCathracha, i mBailte agus i Sráidbhailte ar fud Oileán na hÉireann.
- Aithnítear nach mór déileáil le handúile den sórt sin mar shaincheist sláinte ar an gcéad dul síos agus go bhféadfadh toradh níos fearr a bheith ann d'úsáideoirí, do theaghlaigh agus don Chomhphobal i gcoitinne má chuirtear na Prionsabail um Laghdú Dochair i bhfeidhm.
- Moltar don Stát rolladh amach an tionscadail phíolótaigh de réir an Achta um Mí-Úsáid Drugaí (Áiseanna Instealladh Maoirsithe) 2017 i gCathracha agus i mBailte Móra ar fud an Deiscirt.
- Moltar go gcuirfí maoiniú imleor ar fáil d'idirghabhálacha dá leithéid atá le cur

i bhfeidhm ag na Seirbhísí Andúile a mbeidh infheistíocht shuntasach ag teastáil i mbearta buiséadacha agus earcaíocht foirne.

**Cumann George Plant/Raymond McCreesh/Liam Lynch (Cluain Meala)**

**52.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Tugtar dá haire an phian agus an fhulaingt a mhothaigh an oiread sin teaghlach ar fud ár bpobail atá faoi mhéala ag drugaí agus andúile.
- Tugtar dá aire gur mian linn laghdú ar an dochar don duine aonair agus don phobal a fheiceáil.
- Áirítear leis seo fáil réidh leis an stiogma a bhaineann leis an gceist – ba mhaith linn go dtiocfadh daoine chun cinn chun cabhair a fháil agus chun an cheist a phlé agus a labhairt go héasca mar phobal.
- Tacaíonn sé le feachtas Jacks Promise in Iarthar Bhéal Feirste.
- Éilítear ar an Roinn Sláinte ó thuaidh seirbhís athshlánúcháin chónaithe a chur ar fáil i mBéal Feirste.

**Andersonstown Martyrs Cumman,  
Comhairle Ceantair Uachtar na bhFál**

**53.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Tugann sí dá haire an teip atá ar bheartais reatha maidir le déileáil le drugaí ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta.
- Aithnítear an dochar agus an tionchar a bhí aige seo ar phobail ar fud na hÉireann.
- Aithnítear gur mar gheall ar na múnlaí atá bunaithe ar sholáthróirí drugaí in áit íospartaigh gur laghdaíodh leibhéal ionfhabhtaithe VEID, spleáchas ar dhrugaí agus an choireacht a bhaineann leis i ndlínsí inar cuireadh i bhfeidhm iad.
- Tacaítear gur cheart don Ard-Chomhairle meitheal oibre a bhunú d'fhonn tacú le polasaí a bheadh bunaithe ar chur chuige atruach bunaithe ar fhianaise.

**Cumann Julie Dougan (Port an Dúnáin)**

**54.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Iarrtar go dtabharfaí isteach ceachtanna sábháilteachta ar bhóithre le bheith san áireamh sa tsraith shinsearach d'oidreachas meánscoile na hÉireann a chuireadh modúil den Tástáil Teoirice Tiomána agus Sábháilteacht Tiománaithe, lena n-áirítear 'Rialacha an Bhóthair'.

**Cumann Martin Meehan (Ros Láir)**

**55.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Iarrtar go leathnófaí ceartha eadóirseachta chuig gach cónaitheoir cáilitheach ar fud na hÉireann.

Faoin reachtaíocht reatha, níl eadóirseacht trí chónaitheacht ar fáil ach do shaoránaigh nach Éireannaigh iad laistigh de na 26 contae. Ciallaíonn sé seo nach bhfaigheann na daoine sin a bhfuil saol s'acu sna 6 chontae an deis chéanna le bheith ina saoránaigh eadóirsithe Éireannacha. Sna Sé Chontae faoi láthair, ní féidir ach le daoine atá pósta le saoránaigh Éireannacha leas a bhaint as eadóirsiú. Déanann sé seo neamhaird ar na mílte cónaitheoirí ar mian leo a bheith ina saoránaigh Éireannacha. Éilimid, dá bhrí sin;

- Ceartha Eadóirseachta Comhionanna a bheith ann ar fud na hÉireann.

Ní mór dúshlán a thabhairt do rialtais i ndiaidh a chéile glacadh leis an mbeartas seo, a chothaíonn éagothroime sistéamach agus críochdheighilt.

**Comhairle Ceantair Oirthear Thír Eoghain**

**56.** Tugtar an Ard-Fheis seo dá haire:

- In ainneoin aitheantas foirmiúil a fháil mar ghrúpa eitneach aitheanta, bíonn leibhéal gan fasach de chiníochas institiúideach le sárú ag an Lucht Siúil ina saol laethúil.
- Theip ar go leor údarás áitiúil cóiríocht a sholáthar go sonrach don Lucht Siúil, rud a mhéadaigh an soláthar tithíochta agus a chuireann iachall ar an Lucht Siúil leanúint ar aghaidh ag maireachtáil i gcoinníollacha tithíochta nach bhfuil sábháilte.
- Mar gheall ar imeallú stairiúil an phobail i gcóras oideachais na hÉireann tá ráta níos airde luathfhágáilte scoile ag an Lucht Siúil ná acu siúd in aon ghrúpa mionlach eitneach eile.
- Mar thoradh air seo, laghdaítear ionchais fostaíochta, bíonn níos lú deiseanna fostaíochta ann agus méadaíonn sé go mór an baol go mbeidh siad bocht.

Éilíonn an Ard-Fheis mar sin:

- Cur chuige ilghníomhaireachta, idir-rialtasach a úsáid, in éineacht leis na Príomhcheisteanna a bhfuil Tionchar acu ar an Lucht Siúil, chun fóraim bhreithnithe a bhunú i gceantair réigiúnacha, chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí atá os comhair an phobail go laethúil.

- Aitheantas a thabhairt don tábhacht agus don éagsúlacht a chuireann an Lucht Siúil le creatlach shochaí na hÉireann.
- Tuiscint agus béim ar chultúr an Lucht Siúil a chothú agus athchóiriú curaclaim a spreagadh chun é seo a léiriú ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile.
- É a bheith sa reachtaíocht, ag cur iallach ar údaráis áitiúla maoiniú a leithdháileadh agus a úsáid ar riachtanais tithíochta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil.
- Bunú agus cruthú Straitéise Fostaíochta Uile-Oileáin don Lucht Siúil, chomh maith le printíseachtaí méadaithe agus deiseanna fostaíochta atá beartaithe don phobal.
- Dearbhú a choimeádfaidh céatadán de dheiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí dóibh siúd a bhfuil cúlra Taistil acu.
- Tiomantas do dheiseanna oideachais méadaithe trí Scéim Náisiúnta Litearthachta leathnaithe agus níos mó áiteanna ag an tríú leibhéal chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus rannpháirtíocht an Lucht Siúil a mhéadú.

**Cumann Andy O'Sullivan (Mala)**

- 57.** Nuair a thug páirtithe ceannais an rialtais a bPáipéar Bán ar Sholáthar Díreach isteach i bhFeabhra 2021, thug urlabhraí Shinn Féin ar Athchóiriú an Dlí, Comhionannas agus Lánpháirtíocht, Pa Daly Teachta Dála, faoi deara i gceart: "Caithfear iarratais ar thearmann a phróiseáil i bhfad níos tapúla mar phríomh-chomhpháirt d'aon athchóiriú agus bealach níos éifeachtaí, chomh maith le rochtain a thabhairt d'íarrthóirí tearmainn ar chóiríocht atá oiriúnach don fheidhm, mar ní bheidh aon réiteach ar Sholáthar Díreach gan réiteach ar an ngéarchéim tithíochta níos leithne".

Ón dáta seo i leith, tá fás as cuimse tagtha ar an dá chás le Soláthar Díreach agus leis an ngéarchéim tithíochta níos leithne. Tá córais sláinte agus oideachais ag dul in olcas ar fad, rud a d'fhág méadú ar amanna feithimh do choinní ag lialanna sláinte áitiúla agus níl aon chinnteacht ann go nglacfar le rollú i go leor luathbhlianta nó bunscoileanna áitiúla.

Agus ról an phobail ag dul i méid i gcónaí maidir le cóiríocht a sholáthar go sealadach do dhaoine laistigh de Sholáthar Díreach, creidimid gur gá tiomantas a thabhairt chun seirbhísí breise in áiseanna sláinte agus oideachais a chinntiú sna pobail seo ionas gur féidir lánpháirtíocht íarrthóirí tearmainn a sholáthar gan aon stró do gach duine dá mbaineann.

Ba chóir na pleannanna seo a mhionsonrú go cuí agus a chur in iúl do phobail áitiúla le linn an phróisis chóiríochta. Is é an easpa soláthair imleor seirbhísí riachtanacha seo, mar aon le heaspa measa an rialtais reatha ar na pobail seo agus easpa rannpháirtíochta leis na pobail chéanna, go príomha is cúis le go leor de na agóidí frith-inimirce atá feicthe inár dtír le 12 mhí anuas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach soláthroidh an chumarsáid agus an rannpháirtíocht seo an ceart chun aon chrosadh a chur i bhfeidhm.

**Comhairle Ceantair Bhaile Átha Cliath Láir,  
Cumann Martin Hurson/Joe McManus**

- 58.** Ag an Ard-Fheis seo;
- Tacaítear sé le timpeallacht fháilteach agus chuimsitheach a chothú do dhaoine atá ag lorg tearmainn in Éirinn.
  - Dearbhaítear a thiomantas do thimpeallacht fháilteach agus chuimsitheach a chothú do dhaoine atá ag lorg tearmainn, ag cur béime ar thuiscint agus ar chomhbhá laistigh dár bpobail.
  - Iarrtar ar ár rialtas faillí san am a chuaigh thart agus gann-acmhainní pobail a chur ina gceart trí bheartais láidre tithíochta agus bonneagair pobail a chur i bhfeidhm.
  - Diúltaítear d'aon bheartaíocht eagla a bhfuil sé mar aidhm acu deighilt a chur agus iarrtar aontacht cuspóra chun teacht ar réitigh ar dhúshlán choiteanna.

Admhaítear:

- Agus Sinn Féin mar rialtas, lorgófar plean tithíochta uailmhianach agus cuimsitheach a chuirfidh an fhís chun cinn maidir le pobail chuimsitheacha, rathúla do chách agus a chinnteoidh nach bhféigfar aon duine ar gcúl agus iad ar lorg tithíocht shlábháilte agus inacmhainne.

**Comhairle Ceantair Chill Dara,  
Cumann Martin Hurson/Joe McManus**

- 59.** Tugtar an Ard-Fheis seo dá haire;
- An t-ardú i meon frith-inimirceach atá mar thoradh díreach ar chliseadh an rialtais.
  - Toisc gur theip ar rialtais i ndiaidh a chéile an ceart is bunúsaí ar thithíocht a sholáthar do chách, tá deis ag cuid acu an scéal a chur chun tairbhe dóibh féin.

Aithnítear;

- An ceart chun cosaint idirnáisiúnta a bheith ag gach duine atá ag teitheadh ó choimhlint, agus á rá nach mór rialacha inimirce a fhorghníomhú, táimid tiomanta do bheartais inimirce a chur i bhfeidhm go cothrom, trédhearcach agus pras chun na cearta sin a chosaint de réir na rialacha atá leagtha amach, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil acmhainní cuí i bhfeidhm chun an próiseas a bhainistiú.

**Cumann McCabe/Quigley (Baile Munna)**

**60.** Ag an Ard-Fheis seo:

Aithnítear;

- An gá atá le díospóireacht oscailte, bunaithe ar fhianaise a bheith ag an bpáirtí maidir le beartas um Chosaint Idirnáisiúnta atá cothrom, forásach agus trédhearcach a fhorbairt.
- An gá atá le cothroime d'iarratasóirí a dhéanann iarratas ar thearmann, rud a bhaineann le fios a bheith acu roimh ré an fad a thógfaidh sé chun a n-iarratas a phróiseáil, bíodh sé dearfach nó diúltach.
- An gá go mbeadh an córas forásach, rud a cheadódh dó a bheith solúbtha agus sruthlínithe chun déileáil le líon méadaitheach iarratasóirí, agus an t-amlíne le haghaidh iarratais a phróiseáil á baint amach.
- An gá atá leis an gcóras tearmainn a bheith trédhearcach, tríd an bpobal a chur ar an eolas go rialta faoin dóigh a n-oibríonn an córas agus trí staitisticí mionsonraithe a fhoilsiú chun mífhaisnéis a chosc.

Leagtha síos mar thosaíochtaí:

- An t-am próiseála d'iarratasóirí nua a laghdú de réir a chéile, lena n-áirítear achomhairc go dtí 6 mhí nó níos lú;
- Dóthain pearsanra a earcú don IPO – An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, don IPAT – An Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta agus don MDU – Aonad Cinnidh Aireachta laistigh den Roinn Dlí agus Cirt chun an spriocdháta a bhaint amach;
- Na hacmhainní agus an fhoireann a sholáthar don Ard-Chúirt, le gur féidir gach achomharc a chríochnú laistigh den spriocdháta;
- Chun an nós imeachta d'iarratasóirí ar theip orthu a leasú, d'áireofaí leis sin an stát a bheith á chur ar an eolas nuair a bhíonn duine ag fágáil an stáit dá dheoin féin.

**Cumann Doyle/French/Reilly (An Uaimh Theas)****61.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Iarrtar ar Rialtas na sé chontae is fiche an gealltanas a thug sé a chur i gcrích agus reachtaíocht agus scéim a thabhairt isteach a thabharfadh neamhaird ar thaifid choiriúla fir aeracha a ciontaíodh i gcionta stairiúla in Éirinn, roimh dhíchoiriúnú na homaighnéasachta i 1993.

**Cumann Emmett/Mallin (Inis Chórtha)****Ag Tacú le Pobail Tuaithe****62.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Aithnítear go bhfuil gairmeacha traidisiúnta tuaithe ann ar nós seilge agus cúrsáil giorria.
- Creidtear go gcuirfeadh toirmisc iomlána na cleachtais seo faoi thalamh agus ina ionad sin gur cheart iad a rialú go láidir agus roghanna eile amhail tóraíocht tarraingthe agus cúrsáil gaiste a chur chun cinn agus a dhreasú; agus
- Iarrtar ar na Ranna cuí sa Fheidhmeannas agus san Oireachtas coimisiún saineolaithe a bhunú – lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do pháirtithe leasmhara ó eagraíochtaí leasa ainmhithe agus gníomhaíochtaí tuaithe – chun rialacháin chuí a scrúdú agus a mholadh.

**Ard Chomhairle****63.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Aithnítear gur speiceas a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis na giorriacha agus go bhfuil siad cosanta faoin Acht um Fhiadhúlra 1976, faoin Acht um Fhiadhúlra Leasú 2002, faoi Threoracha an AE agus faoi Choinbhinsiún Berne.

Tugtar dá haire;

- Go bhfuil an chúrsáil ghiorria mídhleathach sa Tuaisceart ó 2003 i leith.

Éilítear anois;

- Chun cosc a chur ar chúrsáil bheo ar ghiorria ar fud na hÉireann.

**Cumann McLaughlin/Cahill (Binn Éadair),  
Cumann Black/Ryan (Leamhcán)****64.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Athdhearbhaítear tacaíocht Shinn Féin do cheantair tuaithe, aithnítear gur cuid de chultúr na tuaithe iad spóirt tuaithe agus tabharfaidh sé tosaíocht do ghuthanna na tuaithe i ngach plé polasaí ar an gceist.
- Aithnítear na buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha don tuath in Éirinn



a bhaineann le spóirt na tíre agus athdhearbhaítear creideamh Shinn Féin gurb é an cur chuige is fearr ná ligean do spóirt tíre mar rásaíocht capall, seilg, cúrsáil, iascaireacht agus rásaíocht chon a chleachtadh ar bhealach rialaithe.

- Cuirtear i gcoinne aon iarrachtaí cosc a chur ar na spóirt seo in aghaidh mhianta na bpobal tuaithe.

**Cumann Sean Treacy (Ros Cré)**

**65.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Aithnítear gur speiceas a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis na Giorriacha agus go bhfuil siad cosanta faoin Acht um Fhiadhúlra 1976, faoin Acht um Fhiadhúlra Leasú 2002, faoi Threoracha an AE agus faoi Choinbhinsiún Berne.
- Go bhfuil an chúrsáil ghiorria mídhleathach sa Tuaisceart ó 2003 i leith.
- Éitear anois cosc a chur ar chúrsáil bheo ar ghiorria ar fud na hÉireann.

**Cumann Devlin/Plunkett, Baile Átha Cliath Theas**

**66.** Tuigtear don Ard-Fheis seo;-

- Go bhfuil spóirt dhleathacha tíre ar nós lámhaigh, iascaireachta, seilga, agus cúrsála sábháilte agus á reáchtáil go maith. Tuigeann Sinn Féin go bhfuil spóirt dhleathacha tíre ar nós lámhaigh, iascaireachta, seilge, agus cúrsála sábháilte & rite go maith, go maith don gheilleagar, agus go maith dár bpobail.
- Cuimsíonn spóirt tuaithe aclaíocht ghníomhach faoin aer a chuireann le folláine fhisiceach agus mheabhrach, is fórsa cumhachtach iad don bhithéagsúlacht gan aon chostas don phobal, agus cuireann siad go mór lenár ngeilleagar.
- Admhóidh agus tacóidh Sinn Féin leis na hiarrachtaí agus na cláir chaomhnaithe a dtugann na heagraíochtaí géime agus caomhnaithe fúthu.
- Go leanfaidh Sinn Féin ag obair le FURG (Grúpa Ionadaíochta Úsáideoirí Arm Tine).
- Rachaidh Sinn Féin i dteagmháil le heagraíochtaí den sórt sin a bhfuil eolas acu ar an mbithéagsúlacht mar go bhfuil a bpáirt glactha ag grúpaí dá leithéid i gcosaint agus in athbhunú speiceas do na glúnta atá amach romhainn.
- Go n-oibreoidh Sinn Féin leis na páirtithe leasmhara go léir chun córas cothrom ceadúnaithe arm tine a chinntiú, agus nósanna imeachta maithe cuimsitheacha a chinntiú go bhfuil rialacháin fiadhúlra cothrom bunaithe ar shonraí, eolaíocht, agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- Go mbeidh Sinn Féin i dtús cadhnaíochta i spóirt mhachaire dleathacha agus faoin tuath in Éirinn.

**67.** Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Gur iarsma barbarach d'uasacme choimhthíoch atá sa bhfiach sionnach agus iarrann sé ar Shinn Féin tacú le cosc ar sheilg sionnach beo le capaill agus le cúnna, mar gheall ar na cruálachta dochosanta a bhain don sionnach Éireannach dúchasach.

**Cumann Grey Abbey Martyrs (Baile Chill Dara)**

**68.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Iarrtar ar Shinn Féin tacú le cosc ar gach cineál cúrsála giorria beo, cé acu atá na madraí tóraíochta faoi bhéalóg, ag tabhairt faoi deara an chruacháis a d'fhulaing na giorriacha dúchasacha Éireannacha trí ghabháil, gortaithe, tráma agus bás.

**Cumann Ruth Hackett (Maigh Nuad)**

**69.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- In ainneoin go bhfuil cuid de na dlíthe is déine san Eoraip againn go leanann muid de na cásanna is measa de mhí-úsáid, faillí agus tréigean ainmhithe.
- Tugtar 'The Puppy farm capital of Europe' ar Éirinn agus tá breis agus 100 feirm coileán sa tír, agus ní mór deireadh a chur leis an gcleachtas thar a bheith brabúsach, cruálach seo.
- Ní mór úinéireacht freagrach ainmhithe a chur chun cinn trí oideachas agus trí thuiscint gur freagracht í úinéireacht ainmhithe agus ní ceart.

Éilítear ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin;

- Déanfaidh urlabhraithe Shinn Féin Thuaidh agus Theas iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí go léir maidir le forfheidhmiú leasa ainmhithe a fheabhsú agus measúnú a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí is fearr a oireann chun seirbhísí a sholáthar ar fud an Oileáin.
- Féachfaidh Sinn Féin le pianbhreitheanna agus fíneálacha níos déine a chur i bhfeidhm i gcásanna drochúsáide agus faillí ainmhithe.
- Tá Sinn Féin chun Polasaí Leasa Ainmhithe a chur ar fáil.

**Cumann Michael Moran, Tuaim**

**70. Ag an Ard-Fheis seo;**

- Iarrtar go gcuirfí stop láithreach leis an gcleachtas lárnú seirbhísí ó cheantair thuaithe. Thar na blianta tá seirbhísí chomh héagsúil leis an Oifig Leasa Shóisialaigh feicthe ag áiteanna ar nós An Cheathrú Rua i gConamara agus na leapacha faoisimh in Áras Mhic Dara lárnaithe i gCathair na Gaillimhe. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar lárnú seirbhísí ó cheantair thuaithe chun eolas a thabhairt do chinntí an rialtais d'fhonn na beartais sin a aisiompú más cuí.

**Cumann Mháirtín Uí Chadhain (Connamara Theas)**

**71. Aithníonn an Ard-Fheis seo;**

- Tá tréimhsí dúshlánacha roimh phobail tuaithe ar fud na hÉireann maidir le Breatimeacht, sláinte, rochtain ar sheirbhísí agus turasóireacht.
- Bhain ceantair thuaithe agus teorann tairbhe mhór as maoiniú an AE.
- Chuir clár Cholún 1 & 2 tacaíocht airgeadais ar fáil d'fheirmeoirí, gnólachtaí agus pobail. Bhain siad leas as buiséad imfhálaithe, pacáiste maoinithe ilbhliantúil agus ghlac siad go hiomlán leis an gcur chuige 'ó bhun aníos' maidir le daoine áitiúla a bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta.
- Ciallaíonn na hiarmhairtí a bhaineann leis an Aontas Eorpach a fhágáil nach mbaineann an Clár Forbartha Tuaithe leis an Tuaisceart a thuilleadh.
- Tá rochtain cailte ag an Tuaisceart ar mhaoiniú AE agus d'fhéadfadh iarmhairtí ollmhóra a bheith ann d'fhorbairt tuaithe agus do phobail tuaithe.
- Le go n-éireoidh le pobail tuaithe ní mór dóibh a bheith ina n-áiteanna inar féidir le daoine óga fanacht agus a saol a thógáil agus a bheith ina n-áit inar mian le daoine teacht le cónaí agus le hoibriú iontu.
- Is bunchloch í an fhostaíocht le cur ar chumas daoine fanacht i bpobail tuaithe.

**Creideann an Ard-Fheis seo;**

- Go gcaithfidh riachtanais na ndaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe a bheith mar chuid lárnach de bheartas an rialtais.
- Ní hionann an Clár Peace+ agus an Clár um Dhul i nGleic le Bochtaineacht Tuaithe agus Leithlisiú Sóisialta (TRPSI) agus an clár um fhorbairt phobail don Tuaisceart.
- Tá sé ríthábhachtach deiseanna agus ionchais a fheabhsú do ghnólachtaí tuaithe agus do phobail oibriú trasteorann, agus deiseanna a chuirtear ar fáil trí shocruithe trádála uile-oileáin.
- Caithfidh an Creat Beartais Tuaithe an Clár Forbartha Tuaithe i nDeisceart na hÉireann a chomhtháthú agus a chomhlánú.

**Cumann Sean Sabhat (Lios na Sceithe)**

**72. Ag an Ard-Fheis seo;**

- Aithnítear gurb í an Talmhaíocht agus go háirithe an fheirm theaghlaigh cnámh droma ár bpobail tuaithe agus gur cuid lárnach dá Inbhuanaitheacht.
- Iarrtar dáileadh níos cothroime brabús ar fud an tslabhra luacha Agraibhia ag aithint go bhfuil an córas reatha lochtach agus nach córas cothrom é.

**Cumann Murt Qualter (Baile Átha an Rí)**

**73. Aithníonn an Ard-Fheis seo;**

- Luach ár bpobail tuaithe ar fud an oileáin agus an oidhreacht shaibhir a sholáthraíonn ár bpobail tuaithe a bhaineann leis an oileán seo amháin.
- Na deacrachtaí atá ann do dhaoine atá ag lorg cead pleanála faoin tuath.
- An tábhacht a bhaineann le pleanáil inbhuanaithe ionas gur féidir lenár bpobail tuaithe fás agus a bheith faoi bhláth.

**Tacaíonn an Ard-Fheis seo le:**

- Cearta daoine chun cónaí faoin tuath agus i mbailte agus sráidbhailte tuaithe.
- An reachtaíocht um Promhadh Tuaithe, a thug Sinn Féin isteach sa Tionól a bhfuil sé mar aidhm aici cearta áitritheoirí na tuaithe a chosaint agus a fheabhsú.

**Téann an Ard-Fheis seo in éadan:**

- Polasaí pleanála a fhéachann le daonraí tuaithe a dhíláithriú agus a mholann go ndéanadh Sinn Féin iniúchadh ar roghanna eile beartais a lorgódh tacaíocht a thabhairt do mhuintir na tuaithe agus a dteaghlaigh, lena n-áirítear na glúnta atá le teacht chun fanacht ina gcónaí ina gceantair féin.

**Éilítear;**

- Ar an Roinn Bonneagair chun bealaí a fhiosrú chun freastal níos fearr ar riachtanais phleanála na bpobal tuaithe
- Athbhreithniú ar Tháscairí Fáis Tithíochta 2016 – 2030 chun riachtanais

tithíochta an Tuaiscirt a léiriú go sásúil agus chun uailmhian Shinn Féin go ndéanfaí breis is 100,000 teach a sholáthar thar 15 bliana a chur san áireamh.

**Cumann Tommy Donaghy**

**74.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Tugtar dá haire na comharthaí treorach atá ar iarraidh timpeall na tíre, go háirithe i gceantair thuaithe.

Sa chás ina mbíonn comharthaí ar iarraidh bíonn sé deacair do thurasóirí agus do dhaoine eile nach as an gceantar dóibh a bheith ag taisteal ó áit go háit. In ainneoin an GPS uileláithreach i gcarranna agus ar fhóin, ciallaíonn an líon uaireanta a bhíonn GPS míchruinn go bhfuil comharthaí treo fós riachtanach.

- Iarrann sí ar an Stát agus ar údaráis áitiúla athbhreithniú a dhéanamh ar chomharthaí agus comharthaí atá in easnamh a athsholáthar.

**Comhairle Ceantair Longfoirt agus na hIarmhí**

**75.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Aithnítear an luach a bhaineann le samhail Pharlaimint na Tuaithe atá in úsáid cheana féin san Fhionlainn, sa tSualainn agus in Albain agus is meicníocht é atá in úsáid chun saincheisteanna tuaithe a ardú.
- Iarrann sí go mbunófaí grúpa oibre chun tionscnamh na Parlaiminte Tuaithe uile-Éireann a thabhairt ar aghaidh agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn roimh an gcéad Ard-Fheis eile.

**Comhairle Ceantair Fhear Manach**

**76.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Tacaítear sé le teorainneacha luais a íslú ar bhóithre tuaithe, mar chuid de shraith beart chun básanna ar bhóithre tuaithe a laghdú.
- Iarrtar srianta córais loingseoireachta satailíte d'Fheithiclí Earraí Troma ar an ngréasán cúng Bóithre Áitiúil mar bhealach tríd, seachas mar cheann scríbe.

**Cumann Caisleán Nua Thiar**

**77.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Tuigtear gur cúis imní é go bhfuil roinnt mhaith de thalamh feirme á gceannach ag eintitis chorparáideacha a chiallaíonn nach féidir le gnáthfheirmeoirí teaghlaigh talamh a cheannach nó cur lena bhfeirmeacha teaghlaigh féin;
- Creidtear gur chóir go mbeadh ceannach talún talmhaíochta faoi réir leasanna straitéiseacha na cosanta comhshaoil náisiúnta, slándáil bia, agus caomhnú na bpobal tuaithe ionas go gcuirfidh éadálacha talún go dearfach le forbairt inbhuanaithe na hearnála talmhaíochta.

**Cumann Piarais McCan (Caiseal)**

## **Infheistíocht a dhéanamh sa Todhchaí: Gníomhaíocht ar son na haeráide agus Slándáil Fuinnimh**

**78.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Go bhfuil sé soiléir sna tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide agus ón Ardán Beartais Eolaíochta ar Bhithéagsúlacht agus ar Sheirbhísí Éiceachórais go bhfuil géarchéimeanna ann i gcúrsaí aeráide agus sa bhithéagsúlacht araon.
- Gurb é 2023 an chéad bhliain ar sháraigh an domhan an tairseach téimh chriticiúil de 1.5 céim i bhfad níos luaithe ná mar a ceapadh roimhe seo - agus go bhfuil an nádúr ag laghdú ag rátaí nach bhfacthas riamh roimhe i stair an duine.
- Go raibh tionchair uafásacha agus dhíchobhsaithe aige seo ar ár ngeilleagair agus ár sochaithe cheana féin.
- Go bhfuil gá leis an ngníomh práinneach sin chun téamh tapa na teochtaí domhanda a aisiompú, an dúlra a athbhunú agus oiriúnú don athrú aeráide.

Ar a bharr sin, ag an Ard-Fheis seo;

- Tacaítear go hiomlán leis an sprioc de ghlan-nialas faoi 2050 d'oileán na hÉireann.
- Tá sé diongbháilte go gcaithfidh iarrachtaí chun dul i ngleic le hathrú aeráide a bheith forásach agus tógtha ar an mbunús d'Aistriú Díreach, lena n-áirítear cosaint pobail, oibríthe, ioncaim agus slándáil bia.
- Aithnítear gur féidir le gníomhaíocht aeráide daoine a thógáil amach as an mbochtaineacht (fuinnimh) trí chostais fuinnimh a laghdú, tithe níos teo a thógáil, iompar poiblí níos fearr a sholáthar agus trí gheilleagar glas fadtéarmach, cobhsaí agus iontaoifa a fhorbairt.
- Iarrtar go gcuirfí dlús le forbairt acmhainn in-athnuaite ár nOileán chun cabhrú le hastuithe carbóin a laghdú, le praghas an leictreachais a laghdú, le slándáil

- fuinnimh a sholáthar dúinn agus le poist ar phá mhaith a chruthú anseo.
- Aithnítear go bhfuil sraith leathan acmhainní nádúrtha ag oileán na hÉireann agus dearbhaítear go gcaithfidh forbairt ár n-acmhainneachta fuinnimh in-athnuaite leas poiblí a tháirgeadh a ndéantar saibhreas náisiúnta do chách é.
- Fáiltítear roimh an deis a thugann sé seo dúinn ár n-earnáil fuinnimh a athstruchtú chun úinéireacht phoiblí, intíre agus phobail ar fhoinsí in-athnuaite a mhéadú.
- Aithnítear go gcaithfidh an stát a bheith chun tosaigh maidir le dul i ngleic leis na géarchéimeanna dúbailte a bhaineann leis an aeráid agus bithéagsúlacht.
- Agus aithnítear go bhfuil oileán na hÉireann ina aonad bithgheografach aonair agus uathúil, agus gurb é an bealach is fearr dúinn chun cur le hiarrachtaí domhanda astuithe a laghdú agus a bheith neamhspleách ó thaobh fuinnimh de ná go bhfeidhmeodh Éire mar aonad aonair, le gach iarracht a dhéanamh chun na hiarrachtaí agus na rialacháin chomhshaoil atá ann cheana a chomhchuibhiú ó thuaidh agus ó dheas, agus chun gach iarracht agus rialachán comhshaoil a fhorbairt amach anseo ar bhonn uile-Éireann.

**Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae is Fiche****79. Aithníonn an Ard-Fheis seo;**

- An ról suntasach cultúrtha, stairiúil agus comhshaoil atá ag Loch nEathach in Éirinn;
- Gurb é Loch nEathach an loch fíonnuisce is mó in Éirinn, ag soláthar 40% d'uisce óil an tuaiscirt.
- Go bhfuil ról uathúil agus ríthábhachtach ag an loch i mbithéagsúlacht ár n-oileán

Tugtar dá haire fairsinge nach bhfacthas a leithéid riamh de bhláth algaí gormghlasa atá ag tachtadh an locha agus scaipeadh go hmníoch na n-algaí gorma glasa ar fud ár n-uiscebhealaí, lena n-áirítear an Bhanna agus, mar thoradh air sin, an cósta thuaidh.

Tugtar dá haire freisin na cúiseanna iolracha le scaipeadh algaí gormghlasa ar fud na hÉireann, lena n-áirítear méadú ar theocht an uisce mar thoradh ar athrú aeráide, truailliú, agus fás speiceas ionrach.

Aithnítear, cé gur próiseas fadtéarmach a bheidh i gceist le hathchóiriú iomlán a dhéanamh ar an loch, gur cheart dúinn iniúchadh a dhéanamh freisin ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le ráigeanna algaí gormghlasa comhchosúla agus réitigh teicneolaíochta féideartha lena mbaint chun an próiseas sin a luasú.

Athdhearbhaítear ár gcreideamh gur cheart an loch go léir a thabhairt faoi úinéireacht phoiblí ionas gur féidir é a bhainistiú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas mhuintir na hÉireann agus timpeallacht na hÉireann.

Iarrtar go mbunófaí comhlacht idir-rannach práinneach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna láithreacha atá roimh Loch nEathach agus go n-oibreodh an comhlacht sin go dlúth le comhghleacaithe sa chuid eile d'Éirinn chun dul i ngleic le algaí gormghlasa, ag aithint nádúr idirnasctha uiscebhealaí na hÉireann.

Moltar go rachadh aon mhúnla bainistíochta nua a chuirtear i bhfeidhm i ngleic go cuiditheach leo siúd is mó eolais faoin loch agus leo siúd is mó a thugann grá dó; na pobail atá thart timpeall air agus iad siúd a thugann a mbeatha i dtír air.

**Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae, Comhairle Ceantair Chúil Raithin****80. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo;**

- A tacaíocht don riachtanas soiléir Loch nEathach a thabhairt faoi úinéireacht phoiblí agus faoi údarás aon Roinne.

Aithnímid an gá atá le hoibriú le Comhairlí áitiúla timpeall an Locha chun struchtúr bainistíochta cuí a bhunú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla.

**Comhairle Ceantair Oirthear Thír Eoghain****81. I bhfianaise na géarchéime fuinnimh agus an chogaidh leanúnaigh san Úcráin, éilíonn an Ard Fheis;**

- Ar an Rialtas le hath-idirbheartaíocht a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha maidir le taiscéalaíocht ola agus gáis amach ó chósta na hÉireann d'fhonn soláthar fuinnimh a chinntiú agus toradh airgeadais sásúil a thabhairt don státchiste.

**Cumann Peadar O'Donnell (Béal Átha na Muike)****82. Ag an Ard-Fheis seo;**

Caointear:

- An ghéarchéim éiceolaíoch atá ag tarlú i Loch nEathach agus ar na huiscebhealaí máguaird le scaipeadh na n-algaí gorma glasa.

Aithníonn:

- Nach bhfuil Gníomhaireacht Neamhspleách um Chaomhnú Comhshaoil bunaithe mar a comhaontaíodh in Ré Nua, Cur Chuige Nua.
- Go gcaithfidh dul i ngleic leis an ngéarchéim seo ar bhonn uile-oileáin.

Éilíonn ar:

- Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil uile-oileáin a bhunú

**Comhairle Ceantair Léim an Mhadaidh****83. Aithníonn an Ard-Fheis seo;**

- Go ndéanfaí cóireáil séarachais na hÉireann a mhéadú go hincriminteach go caighdeán an

AE de 90% chun an comhshaol a chosaint. Mar sin féin, níor caitheadh ach le leath (51 faoin gcéad) de shéarachas na hÉireann de réir chaighdeáin an Aontais Eorpaigh a leagadh síos chun an comhshaol a chosaint.

- D'fhéadfadh truailliú orgánach, baictéir, víris, nítrigin agus fosfar a bheith i doirteadh fuíolluisce uirbigh chuig an gcomhshaol.
- Caithfidh fuíolluisce a bheith faoi réir cóireáil thánaisteach (cóireáil bhitheolaíoch), rud a bhaintear as an gcion an-ard seo de thruailliú orgánach, baictéir agus víris.
- Dá bhrí sin, is gá cóireáil leordhóthanach a dhéanamh ar fhuíolluisce uirbeach, sula ndéantar é a urscaoileadh.
- Níl sé inghlactha go leanfaí de shéarachas amh a scaoileadh isteach inár n-aibhneacha agus inár bhfarraigí.
- Ba cheart tús a chur anois le hoibreacha chun deireadh a chur le séarachas amh a shreabhann isteach sna farraigí agus in aibhneacha. Bíonn tionchar diúltach aige seo ar thránna na hÉireann, ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar shláinte daoine. Faoi láthair, níl aon phlean soiléir ag Uisce Éireann cóireáil a fheabhsú.
- Ní mór don rialtas infheistíocht i mbonneagar fuíolluisce poiblí a mhéadú freisin.

Tá Sinn Féin tiomanta i gcónaí, dá bhrí sin, do:

- Feabhas a chur ar cháilíocht an uisce trí aghaidh a thabhairt ar thruailliú fuíolluisce uirbigh atá fágtha agus an caighdeán a shocrú 90% nuair a theip ar an rialtas arís agus arís eile.

**Cumann Edward Fitzgerald/Kathleen Lynn (An Charraig Dhubh)**

**84.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Tacaítear go láidir do chaomhnú acmhainní nádúrtha atá faoi úinéireacht phoiblí.
- Creidtear gurb é an príobháidíú is cúis go minic le dúshaothrú agus míbhainistíocht saint-tiomáinte ag cuideachtaí príobháideacha, rud a chuireann ár dtimpeallacht i mbaol.
- Creidtear gur cheart na cinní maidir leis na hacmhainní sin a dhéanamh ar bhealach poiblí, trédhearcach agus cuntasach.

Tá sé de dhualgas orainn na sócmhainní seo a chosaint do na glúine atá le teacht, seachas ligean do chúiseanna brabúis gearrthéarmacha cor a chur ina gcinníúint. Is leis an bpobal torthúlacht an dúlra, ní le mionlach faoi phribhléid. Tá sé de dhualgas orainn go léir ár bpláinéad a chosaint trí acmhainní nádúrtha a choinneáil i lámha an phobail.

**Cumann Whelan/Keating/Sands (An Comarach)**

**85.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Go bhfuil géarchéim na bithéagsúlachta agus aeráide os comhair an domhain, rud a éilíonn gníomhaíocht phráinneach agus go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt ar dhíghrádú comhshaoil, an bhithéagsúlacht a chosaint agus an ghéarchéim aeráide a chomhrac.

Moltar go ndéanann Sinn Féin an méid seo a leanas;

- Gealltanais a thabhairt tailte poiblí a athbhunú san fhiantás, arna threorú ag ionchur eolaíochta agus pobail chun meabhairshláinte a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus an uisce.
- Tacaítear le hacmhainní a leithdháileadh le haghaidh athchóiriú gnáthóg agus le speicis dhúchasacha a thabhairt isteach arís trí chomhoibriú a spreagadh idir údarás áitiúla, gníomhaireachtaí agus pobail chun pleananna athfialaithe a chur i bhfeidhm.
- Tacú le feachtais oideachais phoiblí chun saoránaigh a chur ar an eolas faoi bhuntáistí a bhaineann le talamh poiblí a athbhunú san fhiantás.
- Iarrtar sé go ndéanfaí monatóireacht rialta chun éifeachtacht an athfialaithe a mheas.

**Cumann Ruth Hackett (Maigh Nuad)**

**86.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Athdhearbhaítear go bhfuil sí i gcoinne taiscéaladh agus astarraingt gáis scealla trí phróiseas scoilteadh hidrálach, ar a dtugtar 'fraiceáil'.

**Cumann Joe McManus (An Garastún)**

**87.** Go léiríonn an Ard-Fheis seo imní mhór faoin mbealach atá ann faoi láthair a fhágfaidh go dteipfidh ar Éirinn a spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa do 2030 agus ina dhiaidh sin atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaint amach, agus mar ábhar práinne iarrann sí ar an Rialtas seo athbhreithniú láithreach a dhéanamh ar an luas a chuirfear i bhfeidhm gníomhartha riachtanacha, agus scrúdú criticiúil á dhéanamh ag an am céanna ar aon easpa gnímh a chuireann le leibhéal ísle feidhmíochta ar fud beagnach gach earnála. Ina theannta sin;

- Geallann Sinn Féin sa Rialtas aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh dá leithéid ar bhonn athbhreithnithe ráithiúla, trí aistriú uailmhianach, cothrom agus cóir laistigh de chlár comhaontaithe don Rialtas.

An Ard Fheis seo;

- A thacaíocht iomlán a athdhearbhú do sprioc glan-nialas astaíochtaí gás ceaptha teasa do 2050.
- Agus é sin á dhéanamh, iarrann;
- Tosaíocht a thabhairt d'iarfheistiú na dtithe go léir agus a luathú, trí bheartas a thacaíonn le teaghlaigh, bunaithe ar riachtanas rátáil fuinnimh tí agus ní ar chumas íocaíochta amháin.
- Gealltanais do staidéar féidearthachta iompair ar na traenacha go léir chun céim a bhaint amach go cumhacht bithbhreosla/ceallraí, agus suirbhé a dhéanamh ar fud na tíre chun easnaimh iompair phoiblí de réir réigiúin a scrúdú, a thacaíonn le haistriú iomlán chuig flít busanna poiblí saor in aisce agus glan, trí infheistiú riachtanach. .
- Maoiniú agus acmhainní méadaithe i dtreo clár plandála tomhaiste ar fud an chontae d'fhóraoisí mionchoillearnacha nó 'clocha cora' a sheachadadh, a sheachadtar trí gach údarás áitiúil, le ceannach isteach an phobail agus rannpháirteachas conair oideachais agus scoileanna dírithe, chun cabhrú le frithchothromú a dhéanamh ar leibhéal ísle cumhdaigh foraoise go dtí na spriocleibhéal riachtanacha, sa ghearrthearma agus sa mheántearma.

**Cumann Black/Ryan Leamhcán**

**88.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- An tábhacht a bhaineann le fuinneamh gaoithe ar an gcladach agus muid ar thóir infrastruchtúr fuinnimh glan, glan nialasach a thógáil ar fud an oileáin seo.

Creideann an Ard-Fheis seo:

- Chun é seo a bhaint amach, ní mór forbairtí gaoithe ar an gcladach a thógáil i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil agus ba chóir go gcuirfí san áireamh tuairimí áitiúla.
- Go léireofaí i ngach forbairt tuiscint do thírdhreacha áitiúla, go háirithe ceantair sár-áilleachta nádúrtha nó ceantair inspéise ar leith.

Geallann an Ard-Fheis seo:

- Creatlach reachtúil a fhorbairt chun a chinntiú go dtugann gach forbairt feirme gaoithe ar an gcladach scéimeanna leasa pobail cuí agus gur próiseas cuntasach é seo tríd an bpróiseas pleanála agus go ndéantar foirmiúil é mar bhreithniú pleanála.

Molann an Ard-Fheis seo:

- Go bhfuil luach saothair leasa pobail cuí ar chomhchaighdeán leis an gceann atá san áireamh faoi láthair i bPrionsabail Dea-Chleachtais Rialtas na hAlban um Thairbhí Pobail ó Fhorbairtí Fuinnimh In-athnuaite ar an gCladach.

**Cumann O'Carolan/Kilmartin (Dún Geimhin)**

**89.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Iarrtar go gcuirfí cosc ar úsáid luibhicídí bunaithe ar Ghliofosáit do gach úsáid neamhthalmhaíochta agus neamhthráchtála.
- Iarrtar ar an Roinn Talmhaíochta iniúchadh agus measúnú dian a dhéanamh ar thionchair gliofosáite, ag cinntiú go mbeidh aon chinntí amach anseo bunaithe ar fhianaise dhaingean.

Maidir le husáid baile agus cathrach, molann an Ard Fheis seo;

- Glacadh le roghanna malartacha neamh-ghliofosáite, amhail cineálacha cur chuige orgánacha agus comhtháite um bainistiú lotnaidí (IPM), atá níos sábháilte do shláinte an duine, nach bhfuil chomh díobhálach don bhithéagsúlacht agus a chuidíonn le cáilíocht na hithreach agus an uisce a chaomhnú.

**Cumann Joe Murphy (Bardaí Theas Thiar)**

**90.** Éilítear ag an Ard-Fheis seo;

- Go gcuirfí i bhfeidh rún Ard-Fheise a ritheadh roimhe seo in 2019, chun laghdú incriminteach a fheiceáil ar úsáid póstaer toghcháin ag an bpáirtí, d'fhonn iad a dhíothú sa deireadh thiar thall

**Cumann Tommy Donaghy**

**91.** Tugtar an Ard-Fheis seo dá haire:

- Tá gealltanais tugtha ag Éirinn i gcomhréir le straitéis bithéagsúlachta na hEorpa agus le Coinbhinsiún na NA ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus a Plean Gníomhaíochta Aeráide 2023 féin 5GW d'acmhainn fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt faoi 2030.
- Beidh céim a dó den Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite suite amach ó chósta theas na hÉireann go príomha ó chósta Phort Láirge go hOirthear Chorcaí.

Athdhearbhaítear:

- Aireach ar an ngá atá le pobail agus tionscal iascaireachta na hÉireann agus



- bithéagsúlacht spás mara na hÉireann a chosaint agus a chothú.
- Ní mór do Phort Láirge mar phríomhchathair eacnamaíoch an Oirdheiscirt agus leis an mbonneagar táirgeachta cuain agus fuinnimh atá ann faoi láthair a bheith ina lárfhócas agus ina shuíomh lena chinntiú go mbaintear an deis is mó is féidir trí fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt amach ó chósta Oirdheisceart na hÉireann sna blianta amach romhainn agus go dtugann an rialtas/na rialtais reatha agus na rialtais as seo amach infheistíocht riachtanach chun an lánacmhainneacht a bhaint amach  
**Cumann Cathal Brugha/Kevin Lynch (Cathair Phort Láirge)**
- 92.** Go nglacadh Sinn Féin le polasaí chun an soláthar breoslaí iontaise a úsáidtear sa gheilleagar anois, (díosal, peitрил, gás, ola téimh srl) a chuibhiú agus ansin an céatadán a laghdú gach bliain thar 20 bliain go nialas. D'fhágfadh sé seo go mbeadh iallach ar an ngeilleagar breoslaí inbhuanaithe a ghlacadh. (Gaoth, Leictreachas Gréine, hidrigin ghlas srl) Thabharfadh an t-aistriú fada am do gach earnáil dícharbónú. (Iompar, Talmhaíocht, Déantúsaíocht srl) agus dhéanfaí an tír a ullmhú chun maireachtáil agus dul chun cinn a dhéanamh i ndomhan saor ó bhreosla iontaise. Dhéanfaimis an sprioc de ghlan-nialas a bhaint amach faoi 2050 agus é sin á dhéanamh againn ar an mbunús d'aistriú cóir, lena n-áiríteofaí cosaint an phobail, oibrithe, ioncaim agus slándáil bia. Bheadh sé mar bhunús praiticiúil chun an Geilleagar Glas a thógáil agus laghdódh sé astuithe carbóin go mór agus an geilleagar á athstruchtúrú. Is aistriú é seo ó bhreoslaí iontaise atá uailmhianach agus tapa!  
**Cumann Charlie McGlade Droimeanach**
- 93.** Deimhníonn an Ard-Fheis seo;
- Go dtacófaí le Bille Ghníomhaireacht Bainistíochta na Sionainne mar phríomhmheicníocht chun Abhainn na Sionainne a bhainistiú ar mhaithe lenár bpobail tuaithe agus uirbeacha, an comhshaol agus turasóireacht ar an tSionainn.  
**Cumann Costello/Hurson/Tormey/Devlin Cumann (Baile Átha Luain)**
- 94.** Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo;
- An tacaíocht a thugann sí do thionscadal Dhroichead an Chaoluisce agus aithníonn sí an ról a bheidh ag an tionscadal seo agus ag tionscadail chomhchosúla maidir le borradh a chur faoin turasóireacht i gceantar Lú Thuaidh/Theas an Dúin.
  - Tá Sinn Féin tiomanta don tionscadal seo a chur i gcrích agus leanfaimid orainn ag obair i gcomhar le gnóthaí áitiúla agus Pobail chun a chinntiú go gcuirfear i gcrích é.
  - Beidh an bonneagar trasteorann seo ríthábhachtach chun cuidiú le poist ar ardchaighdeán a chruthú, le borradh a chur faoin turasóireacht agus le geilleagar Uile-Éireann níos láidre a chruthú.  
**Cumann Campbell/Donnelly (An Chairlinn/Ó Méith)**
- 95.** Go dtacaíonn an Ard-Fheis seo;
- Leis an mbogadh i dtreo scéimeanna téimh ceantair agus pobail inbhuanaithe i suíomhanna cónaithe ar fud an oileáin.  
Éilíonn ar rialtas na 26 Chontae;
  - Tacú le córais téimh phobail agus ceantair atá ag brath ar ghás faoi láthair, mar Halla Carlinne i nDún Dealgan, le haistriú go foirmeacha inbhuanaithe fuinnimh agus le glasáil isteach foinsí fuinnimh neamh-inbhuanaithe a sheachaint ina leithéid d'fhorbairtí amach anseo.  
**Cumann Duffy/Downey (Dún Dealgan Thoir)**

## **Tír níos Fearr, níos Cothroime agus níos Láidre: Ag Pleanáil le haghaidh Aontacht na hÉireann**

- 96.** Ag an Ard-Fheis seo;
- Athdhearbhaítear go dteastaíonn féinchinneadh náisiúnta agus neamhspleáchas polaitiúil náisiúnta agus ceannasacht d'aidhm an pháirtí, Éire chomhionann.
  - Aithnítear go bhfuil an tacaíocht d'athrú bunreachtúil agus deireadh leis an gcríochdheighilt ag dul i méid.
  - Tá níos mó daoine ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin, ó chúlraí éagsúla, ag ceistiú an status quo agus tá siad fioscrach maidir le hAontacht na hÉireann.
  - Is é seo an ré ina bhféadfaí Aontacht na hÉireann a bheith ann. Tá Éire ag athrú, reáchtálfar reifrinn na hAontachta, agus ba cheart do rialtas na hÉireann an phleanáil agus an t-ullmhúchán do na reifrinn agus d'Aontacht na hÉireann a dhianú láithreach.

Tugann an Ard-Fheis seo dá haire:

- Go bhfuil na modhanna daonlathacha i gComhaontú Aoine an Chéasta chun aontacht a bhaint amach, trína reifrinn aontachtacha.
- Tá an tacaíocht do na reifrinn aontachtacha ag fás in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh agus na hAstráile.
- Bhí grúpaí agus tionscnaimh chathartha lárnach chun an plé seo a leathnú agus a dhoimhniú.
- Bhí ról tábhachtach ag an gCoimisiún um Thodhchaí na hÉireann de chuid an pháirtí maidir le comhrá náisiúnta a éascú, trí Chomhthionóil an Phobail i mBéal Feirste, Doire, Dún na nGall, Lú agus Port Láirge agus trí thionscnaimh eárnála le mná, daoine óga, Protastúnaigh an tuaiscirt agus pobail tuaithe.
- Tá fuinneamh nua curtha isteach sa phlé ar an aontacht ó shampla ionadaíoch leathan agus éagsúil den tsochaí ar fud na hÉireann.
- Cuirtear fáilte roimh thuairimí na ndaoine sin nach bhfuil cinnte faoi aontacht na hÉireann agus roimh thuairimí na ndaoine nach dtacaíonn le haontacht ag an am seo agus a bhfuil páirt luachmhar le himirt acu.
- Tá taighde acadúil ar shaincheisteanna beartais ar fud an oileáin, go háirithe maidir le tairbhí geilleagracha aontacht na hÉireann, agus tuairimí acadúla ar ghnéithe teicniúla a bhaineann le ceist na haontachta a fhorbairt do shaoránaigh, reifrinn aontachtacha a réachtáil agus an daonlathas náisiúnta a thógáil rithábhachtach chun bealach chun tosaigh a phleanáil.
- Forbairt dhearfach a bhí sa Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte in Oifig an Taoisigh, ba cheart leanúint leis an obair seo agus ba cheart í a leathnú.

Iarrann an Ard-Fheis seo ar Rialtas na hÉireann pleanáil agus ullmhú d'aontacht na hÉireann trí na gníomhartha seo a leanas:

- Tionól Saoránach uile-oileáin ar Aontacht na hÉireann agus Comhchoiste Oireachtais um Aontacht na hÉireann a bhunú
- Plean i dtreo aontacht na hÉireann a tháirgeadh agus a fhoilsiú i gcomhar leis an tsochaí shibhialta, gníomhaithe polaitiúla agus príomhpháirtithe leasmhara
- Sainchúram Aonad an Oileáin Chomhroinnte a leathnú
- Tacaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a úsáid lena chinntiú go bhfuil an dáta socraithe do Reifreann na hAontachta
- Oibriú le páirtithe eile, leis an tsochaí chathartha, le Rialtas na Breataine agus leis an bpobal idirnáisiúnta chun a chinntiú go bhfuil an dáta socraithe do Reifreann na hAontachta

Chuirfeadh rialtas Shinn Féin na tionscnaimh thuas chun cinn gan mhoill.

**Ard Chomhairle**

**97.** Ag an Ard Fheis seo;

- Aithnítear an ról a bhí ag aos óg na hÉireann sa streachailt ar son aontacht agus neamhspleáchas na hÉireann leis na céadta bliain;

Treoraithe ag prionsabail Fhorógra 1916;

- An-bhuartha faoin líon méadaitheach de shaoránaigh óga na hÉireann a bhfuil iachall orthu an tí seo a fhágáil mar gheall ar theip an chórais reatha;
- Muiníneach go dtugann Éire nua agus Éire Aontaithe an deis is fearr dár ndaoine óga fás agus forbairt;
- Athdhearbhaíonn sí tiomantas Shinn Féin agus Ógra Shinn Féin d'athaontú na hÉireann inár saol féin, agus d'athbhunú na Poblachta;
- Iarrann ar rialtas na 26 contae Tionól Saoránach a bhunú ar athaontú na hÉireann, ag cur san áireamh tuairimí agus ábhair imní daoine óga ó ar fud na hÉireann;
- Creideann go bhfuil ollchóiriú radacach ar chórais tithíochta agus sláinte, mar aon le geilleagar athnuaite agus athshamhlaithe, riachtanach chun ligean do dhaoine óga saol a bheith acu in Éirinn.

**Coiste Eagraíochta Ógra Shinn Féin**

**98.** Ag an Ard Fheis seo:

- Creidtear go hiomlán in aontacht agus náisiúnacht na hÉireann agus mhuintir na hÉireann go léir;
- Tuigtear imeallú agus tréigean na saoránach Éireannach sna 6 chontae ó cuireadh críochdheighilt i bhfeidhm;
- Creidtear nach mór tosú anois ar an obair chun Éire a aontú, agus chun pleanáil a dhéanamh d'athrú síochánta agus daonlathach.
- Gur cúis náire é go bhfuil rialtais Fhianna Fáil agus Fine Gael i ndiaidh a chéile tar éis freagracht as na Sé Chontae a thabhairt don Roinn Gnóthaí Eachtracha.

- Tugtar sainordú do rialtas Shinn Féin amach anseo freagracht as na Sé Chontae a bhaint den Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus é a aistriú go roinn rialtais eile.

Coiste Eagraíochta Ógra Shinn Féin

**99.** Molann an Ard Fheis seo;

- Gur bunaíodh grúpaí oibre ar Aontacht na hÉireann i roinnt Comhairlí sna Sé Chontae agus i nDún na nGall.
- Comhairle Cathrach Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin don chomhairliúchán ar Aontacht na hÉireann atá tosaithe aici trína ghrúpa oibre. Mar thoradh ar an gcéad chéim den chomhairliúchán seo cuireadh os cionn 200 aighneacht chuig an gComhairle ar ábhar aontacht na hÉireann. Tá na haighneachtaí seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle. Tá céimeanna breise rannpháirtíochta beartaithe anois le hearnálacha éagsúla ar nós gnólachtaí, ceardchumann etc.

Molann an Ard-Fheis seo;

- Comhairlí eile ar fud na hÉireann chun treoir Chomhairle Cathrach Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin a leanúint agus cleachtaí comhairliúcháin a chruthú le saoránaigh agus earnálacha áitiúla de réir mar a fhorbróidh an plé ar Éire aontaithe nua agus an feachtas ag leanúint ar aghaidh chun cur ar Rialtas na hÉireann Tionól Saoránach uile-oileáin a bhunú.

Comhairlí Ceantair Dhoire agus an tSratha Báin

**100.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- An ról luachmhar a chuireann spóirt le forbairt pobail agus le comhtháthú sóisialta.
- Aithníonn sé na tairbhí sláinte agus oideachais a bhaineann le rannpháirtíocht spóirt.
- An gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i spóirt chun neamhghníomhaíocht fhisiciúil, murtall leanaí a laghdú, chun feidhmíocht oideachais a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin sochaí níos sláintiúla a fhorbairt.
- Tionchar na géarchéime costais mhaireachtála ar rannpháirtíocht leanaí i spóirt. Go bhfuil líon méadaitheach leanaí ag éirí as spóirt nó ag glacadh níos lú páirte ann mar gheall ar chostais ardaithe.
- Gur theip ar Stát na 26 Chontae maoiniú imleor a chur ar fáil chun an earnáil spóirt a fhorbairt agus tugtar faoi deara go leanúnach go bhfuil an leibhéal maoinithe is ísle á sholáthar don earnáil ar fud limistéar an Euro.
- Tá an bhearna i rannpháirtíocht spóirt de réir stádais shocheacnamaíoch ag fás go bliantúil i gcónaí.

Athdhearbhaítear:

- Agus muid ag pleanáil d'Éirinn Aontaithe, go leagfaidh ár bpáirtí amach beartas físiúil d'fhorbairt spóirt agus caitheamh aimsire.

Leagtha síos mar thosaíochtaí:

- Scéim na gCártaí Fóillíochta a Thabhairt isteach - chun rannpháirtíocht leanaí i ngníomhaíochtaí spóirt a mhéadú.
- Straitéis Saoráidí Spóirt a Thabhairt Isteach - chun aghaidh a thabhairt ar na blianta de thearcfhorbairt áiseanna spóirt agus chun straitéis shoiléir a leagan síos do sholáthar combhionann áiseanna spóirt.
- Córas Deontas Caipitil na 26 Contae a athchóiriú - chun cur chuige straitéiseach a bhunú i leith státchabhrach, aghaidh a thabhairt ar neamhionannais an chórais reatha.

Cumann Mick Murray (Cluain Tairbh),

Cumann Smith/Farrell/Griffith (An Rinn/Sráid an Phiarsaigh)

**101.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- An méid tuairimí ó dhaoine ó raon leathan cúlraí agus dearthaí leis an bplé ar Aontacht na hÉireann.

Creideann an Ard-Fheis seo;

- Go raibh ról luachmhar ag Coimisiún Shinn Féin um Thodhchaí na hÉireann maidir le hardán a chur ar fáil do ghnáthshaoránaigh a dtuairimí a nochtadh ar ár dtodhchaí bhunreachtúil.
- Chuir an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann spás ar fáil freisin dóibh siúd atá neamhchinnte agus dóibh siúd atá i gcoinne athaontú na hÉireann chun socruithe bunreachtúla a phlé.
- Molann an Ard-Fheis seo an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann, a thionóil 9 gcruinniú poiblí agus go leor imeachtaí príobháideacha ó

bunaíodh é in 2022, agus iarrann sé air leanúint leis an obair ríthábhachtach seo.

**Cumann Barney Morris/Seamus Harvey (Crois Mhic Linnáin)**

**102.** Tugtar an Ard-Fheis seo dá haire;

- Go bhfuil an comhrá ar thodhchaí na hÉireann agus aontacht na hÉireann ag fás, go háirithe i measc an phobail sa Tuaisceart.
- Go bhfuil saoránaigh nach ndéanfadh amhlaidh roimhe seo ag breathnú anois ar shaol mar chuid de shocrú bunreachtúil nua.
- Cé go bhfuil athrú suntasach tagtha ar shochaí na hÉireann le scór bliain anuas, tá an seicteachas fós ina bhac ar athmhuintearas a bhaint amach i measc mhuintir na hÉireann.
- Bhí sé mar aidhm ag seasaimh bheartais roimhe seo, a formhuiníodh ag Ard Feiseanna, dul i ngleic leis an tseicteachas agus athmhuintearas agus téarnamh a spreagadh.

Molann an Ard-Fheis seo;

- An polasaí “Éire nua do chách: Deireadh a chur le deighilt seicteach” mar fhíoriarracht fócas athnuaite a sholáthar ar dhul i ngleic leis an tseicteachas i sochaí na hÉireann agus cuidiú leis an bpróiseas chun athmhuintearas mhuintir uile na hÉireann a shaothrú.

**Ard Chomhairle**

**Cumann Seán Martin/Seán Treacy**

## **Seirbhís Shláinte Níos Fearr a Dhéanamh, Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhéanamh**

**103.** Ag an Ard Fheis seo;

- Athdhearbhaítear ár dtiomantas do chóras cúram sláinte saor in aisce ag an bpointe rochtana, bunaithe ar riachtanas, a sheachadann seirbhísí ar ardchaighdeán atá dírithe ar an othar;
- Moltar an méid a dhéanann oibríthe sláinte agus cúraim shóisialaigh (HSC) sa tuaisceart a bhfuil feidhmiú na seirbhísí poiblí seo ag brath orthu agus na hÍobairtí a dhéanann sí;
- Moltar freisin an méid mór a chuireann cúramóirí gan phá a fhreastalaíonn ar riachtanais chuid de na daoine is leochailí inár sochaí in ainneoin na ndúshlán suntasach atá roimh go leor acu agus creideann sí go gcaithfear tacaíocht a thabhairt dóibh chun leanúint leis an gcúram seo a sholáthar sa phobal.
- Creidtear go daingean go bhfuil gach duine atá ag obair i gcúram sláinte agus sóisialta i dteideal pá cothrom agus coinníollacha sábháilte oibre;
- Cáinte ar gur theip ar Rialtas na Breataine socrú pá cothrom a sholáthar d’fhoireann na seirbhíse sláinte agus cúraim shóisialta;
- Cáinte ar tuilleadh buiséad pionóis Rialtas na Breataine a laghdóidh breis is £730m ón mbuiséad sláinte,
- a bhainfidh an bonn de sheirbhísí ríthábhachtacha sláinte agus cúraim shóisialta agus iarrachtaí chun foireann a earcú agus a choinneáil;
- Is cúis mhór imní dó líon na bhfolúntas atá laistigh den chóras Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh faoi láthair tar éis breis is deich mbliana de dhéine na dToraithe agus príobháidiú méadaitheach;
- Aithnítear go gcuireann ganntanas lucht saothair go mór leis na brúnna ollmhóra atá roimh an gcóras, lena n-áirítear liostaí feithimh atá ag dul i méid agus do-ghlactha;
- Admhaítear freisin nach féidir aghaidh a thabhairt go rathúil ar liostaí feithimh do-ghlactha gan dul i ngleic le fadhb an ganntanais lucht saothair;
- Tuigtear go bhfuil an ráta ard fuascailte agus láimhdeachas foirne á bhraith ar fud an chórais lena n-áirítear cúram príomhúil agus tánaisteach, meabhairshláinte, cúram sóisialta agus pobail;
- Aithnítear an tábhacht a bhaineann le reachtaíocht um sholáthar foirne sábháilte a thabhairt chun cinn mar a gheall an t-iar-Aire Sláinte le Ceardchumainn HSC in 2020;
- Aithnítear freisin an gá atá le straitéis fórsa saothair chuimsitheach, lánmhaoinithe, a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí agus ceardchumainn chun foireann sláinte agus cúraim shóisialta a choinneáil agus a earcú.

**Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae**

**104.** Ag an Ard Fheis seo;

- Athdhearbhaítear tiomantas Shinn Féin do chóras uilechoiteann sláinte agus cúraim shóisialta ina seachadtar cúram tráthúil ar bhonn riachtanas agus ní ar an gcumas íoc;

- Gealltar sé do Shinn Féin Seirbhís Sláinte Náisiúnta uile-Éireann a sholáthar a neartaíonn pleanáil agus comhoibriú uile-oileáin;
  - Tacaítear le Tosaíochtaí d'Athrú sa tSláinte agus sa Chúram Sóisialta a d'fhoilsigh Sinn Féin le déanaí, lena n-áirítear moltaí maidir le:
    - Seirbhís Meabhairshláinte Leanaí agus Óige feabhsaithe,
    - Scéim Cárta Sláinte nua chun cúram in aisce a mhéadú,
    - Cúram sláinte príobháideach a bhaint d'ospidéal phoiblí,
    - Pleanáil straitéiseach don fhórsa saothair, agus
  - Infheistíocht chliste in acmhainn fhadtéarmach agus claochlú digiteach;
- Ag an Ard-Fheis seo, tugtar tiomántas Shinn Féin do:
- Costais chúram sláinte a ghearradh bliain ar bhliain chun cúram sláinte uilíoch a sholáthar sa deisceart laistigh de dheich mbliana;
  - Acmhainn a fhorbairt go tapa chun liostaí feithimh a ghearradh;
  - Infheistíocht a dhéanamh i nDochtúirí Teaghlaigh, cúram príomhúil, idirghabháil luath, agus cosc;
  - Tuilleadh gairmithe cúram sláinte a oiliúint, a earcú agus a choinneáil;
  - Athchóiriú agus cuntasacht a sheachadadh chun bainistíocht a fheabhsú;
  - Dul i ngleic leis an ngéarchéim mheabhairshláinte;
  - Dínit agus cúram a chinntiú do gach duine againn agus muid ag dul in aois;
  - Meas a dhéanamh ar chearta daoine faoi mhíchumas agus an UNCRPD a dhaingniú;
  - Dul i ngleic le handúil agus aisghabháil acmhainní,
  - Acmhainn iomlán na hÉireann a úsáid chun cáilíocht an chúraim a fheabhsú agus sainseirbhísí a sholáthar ar bhonn uile-oileáin.

**Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae is Fíche****105.** Ag an Ard Fheis seo:

- Cáinte an tionchar millteach atá ag déine na dToraí ar chóras Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste, as a d'eascair tearcmhaoiniú ainsealach agus creimeadh seirbhísí ríthábhachtacha.
- Leagtar béim ar an ngá práinneach atá ann aghaidh a thabhairt ar na liostaí feithimh fairsinge agus na moilleanna cóireála a bhíonn ar othair, agus iarrtar go ndéanfaí beart láithreach chun na hamanna feithimh sin a laghdú.
- Aithnítear agus moltar dúthracht, athléimneacht agus iarrachtaí dícheallach ár n-oibríthe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár bpobail le linn na tréimhse dúshlánaí seo.
- Dearbhaítear ár dtacaíocht gan staonadh do cheart oibríthe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar phá cothrom a léiríonn an obair luachmhar a dhéanann siad agus do dhálaí oibre sábháilte a thugann tosaíocht dá sláinte agus dá bhfolláine.
- Iarrtar go ndéanfaí Feidhmeannas feidhmiúil a athbhunú ionas gur féidir le hionadaithe tofa agus Airí áitiúla oibriú i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim chúram sláinte agus ar cheisteanna práinneacha eile a bhfuil tionchar acu ar ár bpobail.
- Tugtar gealltanais d'obair gan staonadh chun tacú le cearta agus riachtanais ár bpobal sa Tuaisceart, ag cinntiú go bhfaigheann siad an cúram sláinte ar ardchaighdeán atá tuillte acu.
- Aithníonn an Ard-Fheis seo, mar sin, an phráinn atá leis an ábhar seo agus iarrann sí gníomh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim chúram sláinte sa Tuaisceart, agus iad ag seasamh go daingean i ndlúthpháirtíocht lenár n-oibríthe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus iad ar thóir pá cothrom agus coinníollacha sábháilte oibre.

**Comhairle Ceantair an tSléibhe Dhuibh****106.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Aithnítear an dochar a dhéantar do mhná agus do theaghlaigh a bhfuil tionchar ag ionchlannáin mogaill thrasfhaighne orthu agus tugann sí dá haire an cosc leanúnach ar na gairis seo.
- Aithnítear go gcosnaíonn dlí chearta an duine an ceart atá ag gach duine ar an gcaighdeán is airde insroichte de chúram coirp agus meabhrach.
- Tugtar dá haire easnaimh sna seirbhísí atá ann cheana féin do mhná a ndearnadh díobháil dóibh de bharr mogaill thrasfhaighne.
- Iarrtar ar na Ranna Sláinte Thuaidh agus Theas a chinntiú go bhfuil seirbhísí chun ionchlannáin mhogaill a bhaint go hiomlán agus go sábháilte ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu agus tugann sí dá haire an gá atá le cúram sláinte uilíoch chun gach tacaíocht riachtanach sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar.

Ag an Ard-Fheis seo ina theannta sin;

- Aithnítear an liosta fada de scannail cúram sláinte a chuaigh i bhfeidhm ar mhná ar fud an oileáin.
- Aithnítear go bhfuil mná fós ag fulaingt na héagothroime i réimse na sláinte agus moltar córas sláinte ar fud an oileáin atá tuisceanach ar agus a léiríonn difríochtaí inscne.

- Iarrtar ar na Ranna Sláinte Thuaidh agus Theas moltaí a thabhairt chun cinn chun straitéis sláinte ban a chur i bhfeidhm.

**Cumann Léana Dúna, Comhairle Ceantair na bhFál Uachtarach**

**107.** Ag an Ard Fheis seo;

- Athdhearbhaítear tiomantas Shinn Féin do chomh-mheas idir sláinte fhisiciúil agus mheabhairshláinte chun leibhéil chúí maoinithe agus acmhainní a chinntiú do sheirbhísí meabhairshláinte.
- Aithnítear go bhfuil idirghabháil luath ríthábhachtach agus gur cheart tosaíocht a thabhairt d'fheabhsú seirbhísí meabhair-shláinte do leanaí.
- Aithnítear gur féidir le fadhbanna Meabhairshláinte tarlú ag am ar bith agus tá sé ríthábhachtach tacaíocht éigeandála 24/7 ar feadh na bliana a bhunú;
- Iarrtar go mbunófaí seirbhís meabhair-shláinte imbhreithe Uile-Oileáin ionas nach mbeidh aon tuismitheoir a bhfuil dúlagar iarbheirthe air scartha óna leanbh.

**Cumann Ladybrook, Comhairle Ceantair na bhFál Uachtarach**

**108.** Ag an Ard Fheis seo;

- Athdhearbhaítear ár dtiomantas do shláinte agus cúram sóisialta uilíoch ar fud na hÉireann saor in aisce ag an bpointe seachadta chun a chinntiú go bhfuil soláthar comhionann ag ár bpobail go léir do sheirbhísí andúile & téarnaimh;
- Tá sí, mar Ard-Fheis, fós tiomanta do na seirbhísí uile-Éireann andúile & téarnaimh atá ar fáil san Iarthuaisceart a fheabhsú
- Tugann sí, mar Ard-Fheis, gealltanas chun cúram sláinte a phleanáil ar bhonn an oileáin ar fad chun mais chriticiúil an daonra a úsáid, cúram gan aon deacracht a sholáthar i réigiún na teorann, agus ullmhú do NHS uile-oileáin.

**Comhairle Ceantair Chathair Dhoire**

**109.** Go n-aithníonn an Ard Fheis seo;

- Tionchar luachmhar na ndaoine atá ar thurais téarnaimh i ngach gné den saol ar an oileán seo agus aontaíonn sé moladh a thabhairt do 'Cairt Uile-Oileáin Téarnaimh' Shinn Féin dóibh siúd atá i mbun Téarnamh trí dhul i dteagmháil le ballraíocht páirtí ar dhóigh is fearr lena chinntiú go mbíonn tionchar ag eispéiris chónaithe ar an obair chúí mar chuid de struchtúir an pháirtí.
- Theip ar rialtais i ndiaidh a chéile sna 26 Contae go leor acmhainní a chur ar fáil don téarnamh ná dul i ngleic leis an andúil.
- Tá pobail tréigthe chun soláthar dóibh féin.
- Is réimse láidir, eolasach agus tiomanta í earnáil Andúile an Chomhphobail Caithfidh laghdú díobhála a bheith ina bhunchloch in aon chur chuige i leith andúile ar an oileán seo agus chun é a bhaint amach ní mór:
- Rochtain iomlán ar Naloxone a chur i bhfeidhm
- Maoiniú 26 Tascfhórsa Contae a thabhairt ar ais go leibhéil réamh-Déine
- Neamhspleáchas méadaithe don earnáil andúile pobail le scaradh ó FSS

**Comhairle Ceantair Chathair Chorcaí**

**110.** Ag an Ard Fheis seo:

- Aithnítear gur cúram sláinte é ginmhilleadh agus athdhearbhaítear tacaíocht dóibh siúd a roghnaíonn an rud céanna a lorg.
- Aithnítear go gcuireann an easpa seirbhísí leordhóthanacha ginmhille ar go leor taisteal chun rochtain a fháil ar chúram sláinte riachtanach.
- Iarrtar ar Rialtas Bhaile Átha Cliath deireadh a chur leis an ngá atá le huimhir phearsanta seirbhíse poiblí (UPSP) chun rochtain a fháil ar ghinmhilleadh sna 26 Chontae.

**Coiste Eagraíochta Ógra Shinn Féin**

**111.** Aithníonn an Ard Fheis seo;

- Go bhfuil an tírdhreach drugaí ar fud ár gcathracha ag athrú agus go bhfuil drochthionchar aige sin orthu siúd a bhfuil andúil, sábháilteacht sráide pobail agus glaineacht i ndán dóibh;
- Go bhfuilimid tiomanta do thacú leo siúd atá i mbaol agus atá ag tabhairt aghaidh ar andúil trí athshlánú méadaithe, trí bhearta coisctheacha feabhsaithe agus trí shaoráidí coiscthe ródháileog a chur i bhfeidhm.
- Tá fás na húsáide ildhrugaí ag cur le húsáid mhéadaithe ar na sráideanna agus mar thoradh air seo tá líon níos mó snáthaidí á chaitheamh i leataobh ar na sráideanna laistigh de phobail agus rioscaí gaolmhara sláinte agus sábháilteachta ann, chomh maith le brú breise ar sholáthraithe malartaithe



snáthaidí agus rioscaí méadaithe galair in-tarchurtha in éagmais snáthaidí glan. Mar sin tabharfaimid tacaíocht faoi dhó dóibh siúd a bhfuil andúil i ndán dóibh, agus ag an am céanna ag freagairt do riachtanais sábháilteachta pobail a bhaineann le húsáid infhéitheach drugaí. Ní mór do Ranna Rialtais ábhartha straitéis dhá thaobh a chur chun cinn a chuimseoidh:

- Méadú ar acmhainní d'fhoirne bainte snáthaidí SHARPS chun freagairt d'aimsiú snáthaidí sráide
- Suímh oiriúnacha a aithint do shaoráidí nua tacaíochta drugaí nach mbíonn drochthionchar acu ar phobail chónaitheacha
- Tacaíocht spriocdhírthe do shaoráidí malartaithe snáthaidí nuair a léirítear éileamh
- Acmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí tacaíochta chun pacáí snáthaidí oiriúnacha a sholáthar le níos lú tionchair dramhaíola ó ábhar a chaitear amach
- Athlonnú na n-áiseanna tacaíochta atá ann cheana féin nuair a bhíonn drochthionchar intomhaiste roimh an bpobal áitiúil
- Comhdhearadh le pobail chónaitheacha do phobail níos sábháilte lena n-áirítear oibríochtaí bainte snáthaidí agus pleanáil uirbeach le haghaidh sábháilteachta
- Spásanna sábháilte amuigh faoin aer a shaináithint dóibh siúd atá i ngleic le handúil, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta cuimsithí
- Méadú ar acmhainní do sheirbhísí tacaíochta sláinte for-rochtana

**Comhairle Ceantair na bhFál**

**112.** Ag an Ard Fheis seo;

- Aithnítear an obair a dhéanann oibríthe i ngníomhaireachtaí alt 39 a sholáthraíonn seirbhísí thar ceann an Stáit do chuid de na baill is leochailí inár sochaí;
- Tugtar dá haire an chaoi nach gcaitear leis na hoibrithe seo ar an dóigh chéanna agus a gcaitear lena gcuid comparadóirí sa tseirbhís phoiblí;
- Tacaítear leis an éileamh ó Cheardchumainn na n-oibríthe ar mhúnla maoinithe inbhuanaithe do ghníomhaireachtaí alt 39 agus gealltar sa rialtas aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna tromchúiseacha a bhaineann le hearcaíocht agus le coinneáil."

**Cumann Iorrais, Maigh Eo**

**113.** Aithníonn an Ard Fheis seo;

- Go dteastaíonn níos mó tacaíochta ó chúramóirí teaghlaigh ó thaobh cúram faoisimh de. Is beag an méid atá i bhfeidhm faoi láthair faoi rialtas Fhianna Fáil-Fine Gael do bhreis agus 300 míle chúramóir teaghlaigh in Éirinn trí fhaoiseamh agus faoi bhun na sochar pá maireachtála.
- Sábhálann ár gcúramóirí teaghlaigh suas le €20bn do gheilleagar na hÉireann gach bliain trí aire a thabhairt do bhaill dá dteaghlach trí úsáid a bhaint as a gcuid acmhainní féin.
- Agus daonra na hÉireann ag ardú, léirigh daonáireamh 2022 go raibh méadú 53 faoin gcéad ar chúramóirí teaghlaigh ó dhaonáireamh 2016. Is figiúr ollmhór é seo, agus níor coinníodh cúram faoisimh agus lóistín ar an leibhéal céanna leis seo faoin rialtas reatha. Ní mór nuashonrú agus meastóireacht a dhéanamh láithreach ar ár seirbhísí faoisimh chun freagairt dó seo.

Ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin, tacaítear le;

- Iniúchadh práinneach ar sholáthar faoisimh do chúramóirí teaghlaigh inár sochaí trína chinntiú go bhfaigheann siad níos mó infhaighteachta, inrochtaineachta agus acmhainne i gcóiríocht faoisimh ar fud na tíre.

**Cumann H-Block Martyrs (Ros Mhic Thriúin)**

**114.** Tá an Ard Fheis seo;

- Tiomanta oibriú i dtreo rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte poiblí ardchaighdeán do gach duine.
- Aithníonn sí, mar Ard-Fheis, go bhfuil an tSeirbhís Meabhair-Shláinte (idir Dhaoine Fásta & Leanaí agus Ógánaigh) mar atá sé faoi láthair teoranta do chóireáil tinneas síciatrach trom.
- Aithníonn sé an difreáil idir cur chuige na síciatrachta, na síceolaíochta agus na síciteiripe.
- Tiomanta tacaíocht a thabhairt do shíciteiripeoirí atá cáilithe go gairmiúil ina n-iarracht an earnáil a bheith rialaithe ag CORU.
- Aithníonn sé ról na síciteiripe maidir le deacrachtaí meabhairshláinte éadrom go measartha a chóireáil.
- Aithníonn sé an gá atá le hearcú síciteiripeoirí ag FSS chun an tseirbhís d'othair neamhsíciatracha a leathnú.
- Aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le luath-idirghabháil mheabhairshláinte maidir le folláine mheabhrach ar feadh an tsaoil a chur chun cinn.

**Cumann Tom Kealy (Cill Droichid)**

- 115.** Ag an Ard Fheis seo;
- Iarrtar go gcuirfí Straitéis Sláinte na mBan sna Sé Chontae i bhfeidhm le dul i ngleic leis na héagthroime Sláinte do mhná sa Tuaisceart.
- Cumann Mhairtírigh Oileán an Ghuail/ Chluain Eo**
- 116.** Ag an Ard-Fheis seo:
- Tugtar dá haire, i ndiaidh na paidéime, go bhfuil líon méadaitheach leanaí agus daoine óga ag teacht i láthair le fadhbanna sláinte agus folláine mhothúcháinach.
  - Aithnítear go bhfuil deacrachtaí ann leis na seirbhísí a chuireann scoileanna ar fáil faoi láthair, go háirithe sa chás go mbíonn smaointe féinmharaithe ag duine óg.
  - Aithnítear freisin go bhfuil amanna feithimh do CAMHS agus do sheirbhísí meabhairshláinte eile do-ghlactha, go háirithe i bhfianaise nádúr éigeandála go leor de na saincheisteanna seo
  - Aontaítear gur chóir go n-iarrfadh Sinn Féin athbhreithniú ar Straitéis an Údaráis Oideachais um Fhéinmharú a Chosc i Scoileanna agus tathant ar an Údarás Oideachais cur chuige duinelárnach a ghlacadh chun déileáil le féinmharú a chosc i measc daoine óga.
- Cumann Sean Savage (Cill Chaol)**
- 117.** Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo;
- An tábhacht a bhaineann le tionscnaimh scagthástála sláinte chun breoiteacht atá bagrach don bheatha a aithint roimh ré;
  - An tairbhe costais a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar idirghabhálacha leighis, cóireálacha, agus próisis téarnaimh a d'fhéadfadh a bheith fada, mar thoradh ar thorthaí scagthástála sláinte;
  - Na tairbhí dár ndaonra maidir leis an tsláinte agus an fholláine is fearr a chothabháil; Ina theannta sin,
- Éilíonn an Ard-Fheis seo;
- Ar an Rialtas clár rogha eolach a chruthú chun scagthástáil próstatach a fhoghlaim ó Chlár Bainistíochta Riosca Ailse Phróstatach an NHS mar iarracht chun leitheadúlacht ard ailse phróstataigh i measc fear a laghdú.
- Ag teacht leis an gclár seo;
- Go leathfadh an Rialtas feachtas feasachta poiblí chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le luathbhrath.
- Cumann O'Hanlon/McMahon/Lynagh (Baile Mhuineacháin)**
- 118.** Ag an Ard Fheis seo;
- Gur chóir tacú le seirbhísí inrochtana go háitiúil d'othair a bhfuil titimeas tromchúiseach orthu agus riochtaí eile ina bhféadfadh cannabas leighis a bheith ina chóireáil éifeachtach mar atá forordaithe ag gairmí leighis cuí.
- Cumann Michael Moran, Tuaim**
- 119.** Ag an Ard Fheis seo;
- Aontaítear go nglacfaí mar bheartas Shinn Féin, nach faide ná 6 mhí tréimhsí feithimh do sheirbhísí diagnóiseacha do riochtaí uathacha agus do leanaí agus go gcuirfeadh Sinn Féin infheistíocht níos mó ar fáil do sheirbhísí inchomparáide do dhaoine fásta.
- Cumann Barney McFadden (Faoin Tuath)**
- 120.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;
- An tionchar is féidir le coinníollacha COVID fadmharthanach agus iar-COVID a imirt orthu siúd atá ag fulaingt.
- Ag an Ard-Fheis seo;
- Iarrtar ar an rialtas maoiniú agus tacaíocht a mhéadú do thaighde ar chúiseanna agus ar chóireálacha do COVID fadmharthanach agus galair uath-imdhíonachta agus athlastacha eile dá leithéid.
- Cumann Róisín Nic Sheamuis/Pádraig Ó Mongáin (Lios Mór)**
- 121.** Ag an Ard Fheis seo;
- Aithnítear go bhfuil fás ag teacht ar dhaonra na hÉireann de dhaoine atá os cionn 55 bliain d'aois agus gur riachtanas tábhachtach do dhaonra atá ag dul in aois an gá le tionscnaimh dhearfacha sláinte agus le cur chun cinn saoil shláintiúla ghníomhaigh fhadtéarmaigh.
  - Iarrtar go bhforbrófar scéim náisiúnta, cosúil leis an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí, chun dreasachtaí airgeadais a thabhairt d'oiliúnoirí

fisiceacha deimhnithe agus giomnáisíní príobháideacha chun ranganna folláine coirp a sholáthar do dhaoine os cionn 55, lena n-áirítear nuair is gá, i dtithe daoine, i dtithe cúraim agus sa phobal.

**Cumann Máire Comerford, Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh**

**122.** Ag an Ard Fheis seo;

- Tugtar dá haire gur theip ar rialtais i ndiaidh a chéile sna sé chontae is fiche seirbhísí meabhair-shláinte a mhaoiniú go leordhóthanach, agus an gá atá le Feidhmeannas feidhmeach sna sé chontae chun an plean meabhairshláinte nua a mhaoiniú;
- Cáinte na harduithe ollmhóra ar liostaí feithimh ar fud na seirbhísí meabhair-shláinte poiblí atá tarlaithe faoi rialtas reatha Fhianna Fáil-Fine Gael, lena n-áirítear dúbailt ar líon na leanaí agus na ndaoine óga atá ag fanacht le measúnú tosaigh le CAMHS;
- Aithnítear an tionchar diúltach a bhíonn ag bearnaí leanúnacha i soláthar sainseirbhísí ar fud na hÉireann agus an gá atá le cur chuige uile-oileáin maidir le pearsanra a earcú agus a choinneáil; agus
- Iarrtar ar Shinn Féin a chinntiú, dá réir, go bhfuil maoiniú imleor do sheirbhísí meabhair-shláinte mar chuid lárnach d'aon Chlár don Rialtas amach anseo.

**Sinn Féin Phort Láirge Thiar**

**123.** Tugann an Ard Fheis seo dá haire;

- An cath a throid go leor ban sna 26 contae go cróga chun aird a tharraingt ar Scannal Ailse Ceirbheacsach agus moltar a gcuid iarrachtaí chun a chinntiú nach raibh ar na mílte ban eile dul tríd an gcath céanna;
- An mhoill leanúnach atá ar mhná sa Tuaisceart, go háirithe lontaobhas Bhéal Feirste, agus iad ag fanacht ar thorthaí tástálacha smearaidh;

larrann an Ard-Fheis seo;

- Ar an Roinn Sláinte chun acmhainní a infheistiú lena n-áirítear an fhoireann riachtanach chun dul i ngleic leis an riaráiste agus an t-am feithimh a ghearradh chun a chinntiú go bhfaighfear torthaí laistigh den spriochtréimhse.

**Cumann Ard Eoin, Béal Feirste Thuaidh**

**124.** Go dtacaíonn an Ard Fheis seo;

- Le fiosrúchán neamhspleách ar fhreagra an Stáit ar an bpaindéim Covid-19 agus go mbunófar fiosrúchán faoinar tharla i dTeach Altranais Theach Dealgan i nDún Dealgan in 2020 agus go dtabharfar isteach reachtaíocht um chosaint aosach, reachtaíocht comhpháirtíochta cúraim agus céimeanna breise chun athrú cultúrtha a chinntiú i soláthar cúraim do dhaoine scothaosta.

**Cumann Duffy/Downey (Dún Dealgan Thoir)**

**125.** Ag an Ard Fheis seo;

- Tacaítear le forbairt, gan aon mhoill eile gan údar, ar Ospidéal San Stiofán ag Cúirt an tSáirséalaigh ar an Taobh Thuaidh de Chorcaí.

**Cumann Ahern/Crowley (Bardas Thoir Thuaidh)**

**126.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Iarrtar tarscaoileadh ar an lacáiste atá beartaithe ar phinsin seirbhíse poiblí chun ligean d'oibríthe seirbhíse sláinte scortha a bpinsean iomlán a fháil agus a bheith íoctha as uaireanta a oibríodh ina n-íomláine.

**Cumann Martin Savage (Cúil Mhuine)**

**127.** Aithníonn an Ard-Fheis seo gurb é an róphlódú in otharlanna is cúis le;

- Drochthorthaí sláinte d'othair.
- Láimhdeachas ard foirne mar gheall ar choinníollacha oibre neamhshábháilte.
- Cumas laghdaithe caighdeáin cháilíochta a bhaint amach.

Ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin, tacaítear le;

- Iarratas ar cheardchumainn an INMO agus an RCN an soláthar foirne sábháilte altra bunaithe ar fhianaise agus meascán scileanna a chur i bhfeidhm go hiomlán inár seirbhísí sláinte.

Deimhníonn an Ard-Fheis seo;

- Go gcinnteodh Sinn Féin go bhfuil foireann altra sábháilte agus meascán scileanna mar bhonn agus mar thaca ag reachtaíocht a thugann ordú don rialtas foireann altra sábháilte agus meascán scileanna a sholáthar inár n-ospidéal agus ar fud na seirbhísí sláinte agus beidh sé seo mar phríomhthosaíocht ag rialtas Shinn Féin.

**Cumann McEvilly/O'Malley (Caisleán an Bharraigh)**

**128.** Tacaíonn an Ard Fheis seo;

- Go dtabharfaí Lámh isteach i seomraí ranga bunskoile agus meánscoile mar chuid de Churaclam Oideachais na hÉireann chun a chinntiú go mbeidh todhchaí na hÉireann níos cuimsithí do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus éisteachta.

Tá sé in am againn ár gcóras oideachais a bheith níos cuimsithí; d'fhéadfadh an deis Lámh a fhoghlaim i scoileanna príomhshrutha a bheith bunúsach ionas gur féidir linn sinn féin a chur in aithne don domhan ina bhfuil teanga chomharthaíochta mar mheán cumarsáide coitianta agus cuidiú le feasacht a ardú ar na gnéithe ginearálta cultúrtha, sóisialta agus polaitiúla atá i gceist.

Tacóidh an Ard-Fheis seo le Lámh a thabhairt isteach i gcuraclam oideachais príomhshrutha na hÉireann chun a chinntiú gur féidir leanaí agus ógánaigh a bhfuil neamhoird foghlama neamhbhriathartha orthu, atá ar speictream an uathachais agus a bhfuil lagú éisteachta tromchúiseach orthu a áireamh san oideachas príomhshrutha agus sa saol laethúil. Ba cheart go mbeadh gach duine inár sochaí in ann iad féin a chur in iúl go héasca ar bhealaí is féidir linn a thuiscint agus a chéile.

**Cumann H-Block Martyrs (Ros Mhic Thriúin)**

**129.** Tugann an Ard-Fheis seo dá haire:

- Tá sochaí na hÉireann ag éirí níos éagsúla go tapa maidir le reiligiún agus creideamh.
- Níor éirigh le hiarrachtaí an Rialtais chun soláthar oideachais il-sainchreidmhígh a mhéadú trí dhífheistiú agus athchumrú scoileanna an t-athrú a gealladh a dhéanamh agus tá an rialtas tar éis gealltanais a dhiúltú roimhe seo chun scoileanna neamh-sainchreidmheacha a sholáthar freisin.
- Toisc gur theip ar an rialtas forálacha bunreachtúla atá ann cheana a chur i bhfeidhm ina dtugtar an ceart chun freastal ar scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach, bíonn díonteachas reiligiúnach laethúil i ndán do go leor leor leanaí agus sin ag dul i gcoinne choinsiasa agus rogha dleathach a dtuismitheoirí.

Éilíonn an Ard Fheis mar sin:

- Treoirleite reachtúla a eisiúint chuig gach scoil státmhaoinithe (scoileanna aitheanta) chun feidhm phraiticiúil a thabhairt don cheart bunreachtúil gan freastal ar theagasc reiligiúnach nó ar adhradh reiligiúnach.
- Forfheidhmiú Alt 62(7)(n) den Acht Oideachais (Iontráil i Scoileanna), 2018, a éilíonn ar scoileanna sonraí scríofa a sholáthar maidir lena socruithe maidir le daltaí atá ag iarraidh freastal ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach.
- Tacaíocht a thabhairt do bhunú Tionóil Saoránach ar Thodhchaí an Oideachais – mar chuid d'aon socruithe nó cainteanna ar rialtais a chur le chéile amach anseo – le cur san áireamh sa Chlár don Rialtas, lena n-áireofar scrúdú ar shocruithe úinéireachta scoile, pátrúnachta agus rialachais agus leasuithe riachtanacha a mholadh a fhad le agus lena n-áirítear athchóiriú bunreachtúil.

**Cumann The Clonmult Martyrs (Mainistir na Corann)**

**130.** Ag an Ard Fheis seo;

- Aithnítear go bhfuil bacainní suntasacha fós ann do dhaoine óga ar mian leo dul trasna na teorann chun rochtain a fháil ar bhreiseoideachas nó ar ardoideachas.
- Aithnítear freisin nach bhfuil riachtanais iontrála mar an tríú teanga comhsheasmhach ar fud an oileáin, rud a chuireann go leor scoláirí faoi mhíbhuntáiste agus a gcúrsa á roghnú acu.
- Aithníonn rún 2019 a ritheadh inar iarradh go n-aithneodh institiúidí tríú leibhéal ar fud na hÉireann cáilíochtaí acadúla ar nós A-Leibhéal agus an Ardteistiméireacht ar bhonn comhionann agus mic léinn ag cur isteach ar áiteanna ollscoile.
- Glactar leis gur cheart machnamh a dhéanamh ar chomhlacht riaracháin tríú leibhéal náisiúnta nua a bhunú chun déileáil le hiontrálacha ar bhonn uile-oileáin.
- Agus iarrtar ar fhoirne parlaiminte Shinn Féin tosú ag obair le chéile ar thograí substainteacha reachtaíochta agus beartais chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gceist seo ionas gur féidir le mic léinn rochtain a fháil ar institiúidí ardoideachais agus breiseoideachais ar fud an oileáin ar bhonn cothrom comhsheasmhach.

**Cumann Colum Marks (Cill Chua)**

**131.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Aithnítear go raibh stair agus cultúr in Éirinn inar fhág go leor daoine, de bharr coinníollacha socheacnamaíochta, an scoil ag aois óg go minic gan

aon cháilíochtaí foirmiúla, chun teacht ar fhostaíocht chun tacú lena dteaghlach.

- Tugtar dá haire go bhfuil Éire ag éirí níos idirnasctha agus níos domhandaithe mar shochaí le geilleagar atá ag dul chun cinn.
- Aithnítear nach bhfuil dóthain tacaíochta nó acmhainní ar fáil le cur ar chumas na ndaoine ar mian leo filladh ar oideachas foirmiúil é sin a dhéanamh.
- Aontaítear gur chóir do Shinn Féin moltaí beartais nó reachtaíochta a fhorbairt i dTeach Laighean agus i Stormont a d'fhágfadh go dtabharfaí straitéis oideachais aosaigh isteach ar fud na hÉireann.
- Aithnítear go mbeidh tiomantas i gcroílár straitéis den sórt sin tuilleadh infheistíochta a dhéanamh san oideachas aosach chun tacaíocht agus tairbhe dhíreach a thabhairt dóibh siúd inár bpobail a d'fhág an córas oideachais gan aon cháilíochtaí foirmiúla.

**Cumann Sean Savage (Cill Chaol)**

- 132.** Tugann an Ard-Fheis seo dá haire go bhfuil Cúig Bunscoil ar fud na gcód poist i mBaile Átha Cliath 2, 4, 6, 6W agus 8 agus go bhfuil an Ghaelscolaíocht ag fás sa cheantar seo de Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas. Ina ainneoin sin, níl an mheánscoil Ghaeilge sa cheantar seo de Bhaile Átha Cliath agus tá 44 meánscoil Bhéarla ar fud an cheantair chéanna. Aontaíonn an Ard-Fheis seo le tuismitheoirí áitiúla, le bainisteoirí bunscóileanna áitiúla agus le lucht feachtais eile go bhfuil dóthain éilimh ar Ghaelcholáiste sa chuid seo de Bhaile Átha Cliath, agus glacann sí lena n-éileamh don Roinn Oideachais Gaelcholáiste a bhunú sa cheantar seo.

**Cumann Robert Emmet (Camaigh/ Ráth Maonais)**

- 133.** Ag an Ard Fheis seo;
- Léirítear imní mhór faoi chruachás na dteaghlach le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag dul ar scoil ag tús a n-aistear oideachais.
  - Aithnítear go hiomlán go dteastaíonn an leibhéal tacaíochta is airde inár scoileanna ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun a chinntiú go bhfuil an tús is fearr acu sa saol, agus go bhfuil sé tuillte acu go gcaitear leo go cothrom agus le dínit.
  - Féachann sé lena threisiú go bhfuil dualgas reachtúil ar an Údarás Oideachais ó thuaidh a chinntiú go gcuirtear socrúchán scoile oiriúnach ar fáil do gach leanbh, dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh, agus go bhfuil sé de cheart ag leanaí agus a dteaghlaigh a bheith ag súil go gcomhlíonfar an dualgas seo.
  - Aithnítear go bhfuil tionchar díréireach ag déine Thoraí ar na leanaí is leochailí inár sochaí, rud a chuir leis na deacrachtaí atá roimh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a dteaghlaigh. Ina theannta sin, iarraidimid an Feidhmeannas a athbhunú láithreach, rud atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo agus chun an tacaíocht, an phleanáil agus an buiséad a theastaíonn dár seirbhísí poiblí a bhaint amach.

**Comhairle Ceantair na bhFál Uachtarach**

- 134.** Ag an Ard Fheis seo;
- Creidtear gurb é oideachas an eochair le go n-éireoidh le daoine óga.
  - Aithnítear go bhfuil bacainní suntasacha iontrála a chuireann srian le rochtain ar ollscoileanna sna 26 Chontae do mhic léinn sna 6 Chontae.
  - Aontaítear gur bacainn amháin den sórt sin é na coinníollacha iontrála acadúla díréireach agus éagóracha a theastaíonn ó mhic léinn sna 6 Chontae chun staidéar a dhéanamh sna 26 Chontae
  - Aithnítear fosta gur bacainní suntasacha eile ar rochtain ar oideachas iad an tíreolaíocht agus an droch-bhonneagar iompair Áirítear leis seo infrastruchtúr iompair éagothroime ar fud an oileáin seo agus easpa soiléir modhanna iompair iontaofa, inrochtana agus inacmhainne do dhaoine ar gach cumas.

Ag an Ard-Fheis seo, dá bhrí sin;

- Iarrtar ar Rialtas Shinn Féin deireadh a chur le bacainní oideachais treallacha agus rochtain chomhionann ar ollscoileanna uile na hÉireann a éascú do mhic léinn uile na tíre
- Sainordaítear don pháirtí a dícheall a dhéanamh chun gréasán iompair phoiblí feabhsaithe a chinnteodh rochtain leordhóthanach ar oideachas ar gach leibhéal, go háirithe i réigiúin tuaithe

**Coiste Eagraíochta Ógra Shinn Féin**

- 135.** Go n-iarrfadh an Páirtí ar na coláistí oiliúna múinteoirí go léir amharc ar na roghanna go léir chun ranganna teagasc/léachtaí ar ábhair áirithe churaclaim a theagasc trí mheán na Gaeilge amháin chun caighdeán Gaeilge an mhúinteora a fheabhsú. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh múinteoirí náisiúnta i scoileanna náisiúnta in ann ár dteanga náisiúnta a mhúineadh agus a labhairt.

**Cumann Countes Bridge (Cill Airne)**

- 136.** Bonneagar Bóithre agus Iarnróid Ag an Ard-Fheis seo;

- Athdhearbhaítear tiomantas Shinn Féin do sholáthar bonneagair iompair atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar ar fud na hÉireann a fheastalaíonn ar riachtanais pobail, oibrithe, teaghlaigh agus mac léinn ar fud na tíre.
- Tugtar dá haire an tearc-infheistíocht ainsealach i bpríomh-bhonneagar iompair atá ar bun faoi rialtais i ndiaidh a chéile faoi cheannas Fhine Gael agus Fhianna Fáil, agus gur tháinig laghdú ar sheirbhísí den sórt sin ó thuaidh mar gheall ar dhéine na dToraithe
- Aithnítear an géarghá atá le hinfheistíocht i mbonneagar ríthábhachtach chun cabhrú le forbairt réigiúnach, tacú le pobail, astaíochtaí a íslíú, aghaidh a thabhairt ar phlódú agus sábháilteacht a fheabhsú
- Tugtar dá haire foilsíú na ‘Dréacht-Straitéis Iarnróid Uile-Oileáin’, fáiltíonn sí, mar Ard-Fheis, roimh go leor dá thorthaí ach aithnítear easnaimh ann
- Tacaítear le feabhas a chur ar bhonneagar bóithre agus ar sheirbhísí iarnróid ar fud an oileáin chun ár n-acmhainneacht a bhaint amach agus an staid reatha a fheabhsú trí sheirbhísí iontaofa, éifeachtacha a sholáthar a thugann aghaidh ar an éagothroime réigiúnach
- Iarrann sé ar Shinn Féin a láidreacht pholaitiúil a úsáid chun infheistíocht imleor i nascacht bóithre agus iarnróid a chinntiú, lena n-áirítear gach ceann de na 32 contae in Éirinn, d’fhonn seirbhísí a nuachóiriú, iad a dhéanamh níos sábháilte, níos glaine agus níos inacmhainne

**Comhairle Ceantair Chathair Dhoire**

**Comhairle Ceantair Fhear Manach**

**Comhairle Ceantair Shligigh**

**Cumann Coen/Savage Cumann (Cúil Mhuine)**

**Cumann Mairéad Farrell/Joe McDonnell (Béal na mBuilí)**

**Cumann Tom Flatley Cumann Inis Ceithleann**

**Cumann Martin Breen (Baile Thiobraid Árann)**

- 137.** Ag an Ard-Fheis seo:

- Tugtar dá haire íosghrádú an AE ar réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, ina bhfuil Cúige Chonnacht, Dhún na nGall, an Chabháin agus Mhuineacháin, go réigiún atá i mbun trasdula, tite ar gcúl agus gafa i ngaiste forbartha.
- Tugtar dá haire go bhfuil an réigiún anois sa 218ú háit as 234 réigiún an AE maidir le forbairt bonneagair.
- Creidtear go léiríonn na staitisticí seo an méid faillí atá á déanamh ag an Rialtas sa réigiún agus cáintear easpa gnímh an Rialtais maidir le dul i ngleic le héagothroime réigiúnach.
- Cuireann an fhaillí seo srian mór ar chumas ár réigiúin infheistíocht a mhealladh, tacú le gnólachtaí atá ann cheana féin agus poist ar ardchaighdeán a sholáthar chun ár réigiún a dhéanamh ina áit tharraingteach le maireachtáil agus le hoibriú ann.
- Tacaítear leis an tuairim go dtéann forbairt chothromaithe réigiúnach chun tairbhe na tíre ar fad agus ní réigiúin aonair amháin.
- Athdhearbháitear tiomantas Shinn Féin soláthar a dhéanamh ar son gach cearn den tír agus a chinntiú go mbeidh rath ar réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.
- Éilítear go dtabharfar tosaíocht d’fhorbairt bonneagair sa réigiún, go háirithe tionscadail mar uasghrádú an N17, Conair Iarnróid an Iarthair agus an Crios Forbartha Straitéisí ag Aerfort Iarthar na hÉireann.
- Tacaítear le hathbhunú an réigiúin go Croíghréasán TEN-T chun a áirithiú gur féidir le tionscadail bhonneagair ríthábhachtacha leas a bhaint as cistiú an AE
- Iarrtar ar phacáiste infheistíochta cuimsitheach don réigiún, trí úsáid a bhaint as maoiniú comhtháthaithe, solúbthacht Chúnamh Stáit, agus foinsí maoinithe eile ar bhealach comhleanúnach straitéiseach.
- Iarrtar go nglacfaidh an Rialtas le polasáí idirdhealaithe dearfach i leith an réigiúin.

**Cúige an Iarthair agus na nOileán**

- 138.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Tugtar dá haire le brón mór an líon mór eachtraí tragóideacha ar bhóithre



na hÉireann i mbliana agus déantar comhbhrón le gach teaghlach a ndeachaigh na tragóidí seo i bhfeidhm orthu.

- Aithnítear go leor fachtóirí a chuireann le sábháilteacht a bheith laghdaithe ar ár mbóithre, go háirithe faillí agus tearc-infheistíocht ó rialtais i ndiaidh a chéile faoi stiúir Fhianna Fáil agus Fhine Gael agus mar thoradh ar dhéine na dToraithe.
- Cáinte ar sna téarmaí is láidre an laghdú 10% a fógraíodh le déanaí ar an mbuiséad um shábháilteacht ar bhóithre a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2024, agus éilíonn sé go ndéanfaí é a athbhunú láithreach.
- Iarrann sé freisin ar an Roinn Iompair agus Bonneagair athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre agus a bheith dúthrachtach maidir le hacmhainní cuí a sholáthar dóibh.
- Tugtar gealltanais go gcuirfidh Sinn Féin, mar rialtas, dóthain acmhainní ar fáil do shábháilteacht agus cothabháil bóithre ar gach bóthar, uirbeach agus tuaithe.
- Ar a bharr sin, tugtar gealltanais go ndéanfaidh Sinn Féin, mar rialtas, tuilleadh fiosrúcháin ar na tosca go léir a chuireann le sábháilteacht bóithre agus chun tionscnaimh inbhuanaithe a fhorbairt chun stop a chur le bás ar ár mbóithre. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin infheistíocht bhreise i mbonneagar, i bhfeachtais faisnéise agus oideachais maidir le tiomáint róthapa agus ar meisce, chomh maith le forghníomhú éifeachtach an dlí.

**Cumann Róisín Nic Sheamuis/Pádraig Ó Mongáin (Lios Mór)  
Cumann Pat Rehill (Baile Átha hÉis)**

**139.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Go bhfuil iarthar agus iarthuaisceart na hÉireann íosghrádaithe ag an gCoimisiún Eorpach – Maigh Eo, Gaillimh, Ros Comáin, Liatroim, Sligeach, Dún na nGall agus Muineachán – go 'réigiún ar gcúl', ina bhfuil ceann de na leibhéil is airde éagothroime réigiúnach san AE;
- Go bhfuil ioncain indiúscartha sa réigiún seo i bhfad faoi bhun mheáin an Stáit, agus an bhearna trí huairé níos airde ná 10 mbliana ó shin;
- Go bhfuil na saincheisteanna a eascraíonn as éagothroime réigiúnach casta/trasnach – m.sh. bíonn tionchar diúltach ag easpa iompair inbhuanaithe inacmhainne ar rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí sláinte, ar fhostaíocht, ar dheiseanna féinforbartha, rud a chiallaíonn go mbíonn costais bhreise le sárú ag daoine aonair agus teaghlaigh, go mbeidh níos mó carranna ar an mbóthar le hastuithe méadaithe, saoirse gluaiseachta srianta agus rochtain ar sheirbhísí agus tacaíochtaí thar gach gné den saol;
- Go bhfuil deiseanna oideachais do mhic léinn sa réigiún teoranta ag an easpa iompair seo, ioncam indiúscartha níos ísle agus costais ró-ard ar chóiríocht coláiste;
- Ciallaíonn an neamhionannas réigiúnach sin rochtain laghdaithe ar chúram sláinte, as a dtagann torthaí aonair níos boichte agus costais Stáit níos airde agus gur leatrom de réir tíreolaíochta an easpa rochtana seo ar 'chomhionannas deiseanna'.

Leagtar amach mar thosaíochtaí Shinn Féin:

- Plean bus tuaithe atá maoinithe go hiomlán a sholáthar
- Conair Iarnróid an Iarthair a sholáthar
- Tacú le gnólachtaí beaga dúchasacha, go háirithe iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha do phobail tuaithe, ionas gur féidir le pobail tuaithe a bheith rathúil agus gan ach maireachtáil
- Tá beartas an rialtais sin 'profaithe ó thaobh na tuaithe' lena chinntiú go ndéanann sé breithniú ar shaincheisteanna sonracha atá os comhair na réigiúin is mó atá faoi mhíbhuntáiste
- Go dtugtar maoiniú cuí do na húdaráis áitiúla chun seirbhísí agus tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar

**Cumann Gaughan/Lynn/Stagg Cumann (Baile an Átha)**

**140.** Tugtar sainordú ag an Ard-Fheis seo;

- Go dtabharfadh Sinn Féin sa Rialtas tús áite d'athghiniúint na gcoimpléasc árasán i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath;
- agus ar a bharr sin, chuimseofaí deisceart lár na cathrach i bpleananna chun dul i ngleic le díothacht agus tréigtheacht sa chathair trí dheiseanna fostaíochta áitiúla, tithíocht inacmhainne, agus infheistíocht mhéadaithe i gcúrsaí oideachais, cláir atreoirithe óige, agus póilíneacht phobail a sholáthar.

**Cumann Smith/Farrell/Griffith (An Rinn/Sráid an Phiarsaigh)**

**141.** Aithníonn an Ard-Fheis seo

- Gur cúis náire é gur theip ar rialtais na hÉireann agus na Breataine i ndiaidh a chéile le blianta fada freastal ar riachtanais eacnamaíocha agus sóisialta na bpobal feadh na teorann atá leagtha síos ag an mBreatain in Éirinn.
- Gur chuir easpa infheistíochta ón dá rialtas thar na blianta srian ar fhás

eacnamaíoch ar an dá thaobh den teorainn shaorga, agus rinne sé dochar do phobail a bhfuil cónaí orthu ann.

Mar sin, creideann an Ard-Fheis seo;

- Go bhféadfaidh rialtas Shinn Féin polasaí an rialtais a athrú le súil deireadh a chur leis an faillí náireach seo, agus todhchaí inmharthana a chinntiú dár bpobail amach anseo.

Ar an ábhar sin, athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo;

- A thuairim ar an ngá atá le tionscadail iompair straitéiseacha atá molta don réigiún a sholáthar go práinneach ar nós mótarbhealach an A5 agus naisc iarnróid.

**Cumann McLaughlin/McGinn, Leifear**

**142.** Éilítear ag an Ard-Fheis seo;

- Seirbhísí bainistithe dramhaíola le tabhairt ar ais faoi smacht na Comhairle Contae. Theip ar phríobháidiú na bainistíochta dramhaíola. Tá meath tagtha ar an tseirbhís do ghnáthdhaoine dá bharr agus brabúis mhóra á gcruthu ag cuideachtaí príobháideacha. Tá méadú tagtha ar an diúscairt mhídhleathach dá bharr freisin agus tháinig meath ginearálta ar ghlaimeacht spásanna poiblí.

**Cumann Mellow/Doherty/McKee**

**143.** Aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Gur cuid riachtanach dár ndaonlathas é rialtas áitiúil. Ar an drochuair, lean Rialtais as a chéile ag baint an bonn dá chumhachtaí agus dá bhfeidhmeanna.

Molann;

- Gluaiseacht na gceardchumann chun an feachtas More Power to You a bhunú, feachtas chun ról na n-údarás áitiúil agus an daonlathais a athéileamh agus a neartú. Is cuid lárnach de seo seirbhísí áitiúla a athbhunú.

Admhaíonn sí;

- Go leanfaidh Sinn Féin ar aghaidh ag feachtasaíocht agus ag obair go gníomhach le daoine eile chun ligean d'údarás áitiúla dul isteach arís sa tseirbhís bailithe dramhaíola tí.

**Cumann James Connolly (Baile Formaid)**

**144.** Éilítear ag an Ard-Fheis seo;

- Na roghanna go léir a fhiosrú chun cothabháil na seirbhíse farantóireachta ó Aird Mhic Giollagáin go dtí an Caisleán Glas a chinntiú, ionas gur féidir léi feidmiú ar feadh na bliana mar chuid ríthábhachtach den bhonneagar Thuaidh-Theas.

**Cumann Droim Sorn**

**145.** Go n-aithníonn an Ard-Fheis seo;

- Nach bhfuil limistéar suntasach de cheann de na tránna is faide in Éirinn, Trá Bhun Abhann (Trá Aird Mhic Giollagáin), inrochtana go hiomlán don phobal mar gheall ar áitiú leanúnach na talún ag Aireacht Cosanta na Breataine, le húsáid mar raon lámhaigh Arm na Breataine.
- Go gcuirtear bac ar acmhainn turasóireachta Aird Mhic Giollagáin mar Cheantar Sár-Áilleacht Nádúrtha mar gheall ar láithreach an raon lámhaigh seo.

Éilítear;

- Go dtabharfaidh Aireacht Cosanta na Breataine tailte ag Trá Bhun Abhann (Trá Aird Mhic Giollagáin) ar ais láithreach do Chomhairle an Chósta agus na nGlinntí.

**Cumann Droim Sorn**

## **Tithe atá ag Teastáil a chur ar Fáil**

**146.** Tugtar an Ard-Fheis seo dá haire;

- Tá Fine Gael sa Rialtas le 12 bliain
- Tá Fianna Fáil ag tabhairt tacaíochta dóibh le 7 mbliana
- Le linn an ama sin tá an ghéarchéim tithíochta imithe in olcas
- Tá cíosanna níos airde ná riamh agus ag ardú
- Tá praghsanna tithe níos airde anois ná mar a bhí le linn ré an Tíogair Cheiltigh
- Tá easpa dídine ag na leibhéil is airde riamh nach bhfacthas riamh cheana
- Trí bliana as a chéile tá na spriocanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne caillte ag an Rialtas
- Tá os cionn €1 billiún de chistí caipitil chun tithe sóisialta agus inacmhainne a sholáthar nár caitheadh

- Tá spriocanna foriomlána tithíochta an Rialtais cáinte ag saineolaithe neamhspleácha, ag rá go bhfuil na spriocanna reatha faoi Thithíocht do Chách ró-íseal;
- Tá glúin iomlán daoine óga nach bhfuil in ann íoc as tithe, agus tá iachall ar go leor dul ar imirce anois
- Tá an riachtanas tithíochta atá ag dul i méid i gcónaí ag dul i bhfeidhm ar chuid den daonra ar fuð gach aoisghrúpa agus gach grúpa ioncaim.
- Tá tionchar ag an easpa tithíochta inacmhainne ar sholáthar seirbhíse poiblí agus ar an ngeilleagar i gcoitinne.

Aontaíonn an Ard-Fheis seo:

- Dá fhaide a bheidh Fine Gael agus Fianna Fáil i gcumhacht is ea is measa a éireoidh an ghéarchéim tithíochta.
- Chun dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta teastaíonn Rialtas faoi cheannas Shinn Féin le plean tithíochta de chuid Shinn Féin agus Aire Tithíochta Shinn Féin..
- Le moltaí, cuspóirí agus conair phlean tithíochta Shinn Féin mar atá leagtha amach inár mBuiséad Malartach 2024, a mhol méadú suntasach ar sholáthar tithíochta poiblí, lena n-áirítear 21,000 teach sóisialta agus inacmhainne in 2024 agus úsáid níos mó a bhaint as réadmhaoine atá folamh agus tréigthe;
- Teastaíonn sos ó chíosóirí príobháideacha lena n-áirítear cosc trí bliana ar arduithe cíosa agus cíos míosa ar ais ina bpócaí trí chreidmheas cánach inaisíochta.
- Go gcaithfear dáta a shocrú chun deireadh a chur le heaspa dídine fadtréimhseach agus an gá le codladh amuigh ag soláthar laghdú bliantúil ar líon na ndaoine fásta agus na leanaí i gcóiríocht éigeandála.
- Tugtar tús áite do riachtanais tithíochta daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus srianta gluaiseachta, an Lucht Siúil agus imircigh.
- Ní mór acmhainní a chur ar ár gcórais seachadta tithíochta poiblí agus ár gcóras pleanála agus iad a athchóiriú le gur féidir méadú agus luasghéarú suntasach a dhéanamh ar gach cineál tithíochta agus go háirithe ar thithíocht phoiblí.
- Ní mór leathnú tapa an tsoláthair tithíochta nua a chomhcheangal le plean uailmhianach chun an carbón corpraithe a bhaineann le seachadadh tithíochta a laghdú chun aistriú go timpeallacht thógtha glan-nialas a chumasú.

**Grúpa Parlaiminte na Sé Chontae is Fiche**

**147.** Ag an Ard-Fheis seo;

- Aithnítear go bhfuil daoine i dteideal tithe atá ar chaighdeán maith, sábháilte, slán, compordach agus inacmhainne agus gur cheart go mbeadh an deis acu cónaí i bpobail rathúla.

Ag an Ard-Fheis seo;

- Iarrtar go ndéanfaí tuilleadh comhoibrithe uile-Éireann maidir le dul i ngleic le heaspa dídine agus infheistíocht mhórsála a sholáthar i dtithíocht shóisialta inacmhainne ar thalamh poiblí.
- Aithnítear an gá atá lena chinntiú go bhfuil an córas pleanála agus an toilleadh bonneagair oiriúnach don fheidhm, agus nach bacainn iad ar fhorbairt dhearfach.
- Aithnítear na dúshláin agus na bacainní a bhaineann le soláthar tithíochta tuaithe agus an gá atá le líon méadaithe tithe sóisialta agus inacmhainne i bpobail tuaithe.
- Aithnítear an ról tábhachtach a bheidh ag iarfheistiú chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach i dtithíocht, ag laghdú costais fuinnimh oibrithe, teaghlaigh agus daoine leochaileacha atá faoi bhrú cheana féin, agus ag laghdú go suntasach astuithe gáis cheaptha teasa an ghnáth-thithe.
- Athdhearbhaítear a tacaíocht do thoradh a bhaineann go sonrach le tithíocht a bheidh le cur san áireamh sa chéad Chlár Rialtais eile don Tionól.
- Creidtear nach mór tacaíocht a thabhairt dár n-eagraíochtaí tithíochta agus do dhaoine gan dídean chun leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre tábhachtach a dhéanamh agus moltar an fhoireann thiomanta agus na hoibrithe deonacha a oibríonn go dian dícheallach chun na pobail is leochailí a chosaint agus a thacú.
- Cáinte ar aisiompú na n-athruithe dearfacha a rinne Deirdre Hargey ar Íocaíochtaí Tithíochta Lánroghnacha mar Aire Pobail chun tacú le cíosóirí príobháideacha mar thoradh ar chiorruithe a chuir Rialtas na Breataine i bhfeidhm.
- Is cúis áifeála é nach bhfuil aon fhorbairt déanta ar an dul chun cinn atá déanta ag Aire Shinn Féin Deirdre Hargey ar reachtaíocht chun cíosóirí príobháideacha a chosaint de bharr easpa an Fheidhmeannais; agus dearbhaítear go bhfuil gá le hAire Tithíochta ó thuaidh chun obair a dhéanamh

